AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.10.2026
COM(2026) 1037 final

2026/0340 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le bainistiú cásanna a dhigiteáil i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1860, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

{SEC(2026) 1037 final} - {SWD(2026) 1037 final} - {SWD(2026) 1038 final} - {SWD(2026) 1039 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá feidhmiú agus inbhuanaitheacht chóras imirce agus tearmainn na hEorpa ag brath ar chóras cuimsitheach lena mbainistítear an imirce san fhadtéarma. Tá filleadh éifeachtach náisiúnach tríú tír nach bhfuil aon cheart acu fanacht san Aontas Eorpach (‘AE’ nó ‘an tAontas’) fíor-riachtanach do shláine an chórais Eorpaigh.

Mar chuid den chur chuige nua i leith na himirce a chuirtear i láthair sa Straitéis Eorpach maidir le Tearmann agus Imirce[(1)], tá rialacha láidre agus rialacha níos nua-aimseartha i bhfeidhm ag an Aontas anois maidir le filleadh. Leis an Rialachán nua um Fhilleadh[(2)] neartaítear an cur chuige coiteann maidir le filleadh trí nósanna imeachta níos éifeachtaí, trí chomhar feabhsaithe idir na Ballstáit agus le tríú tíortha, agus trí uirlisí chun tacú le cur chun feidhme an fhillte. Is féidir le simpliú agus uathoibriú na bpróiseas um fhilleadh rannchuidiú a thuilleadh ansin le hualach riaracháin agus ualach oibre na n-údarás náisiúnta a laghdú, rud a fhágfaidh go ndéanfar an córas um fhilleadh a shimpliú agus go méadófar éifeachtúlacht an chórais sin. Oibríonn an Rialachán um Fhilleadh i gcomhar le rialacha an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, lena ndúntar na lúba ar lár idir tearmann agus filleadh, lena n-áirítear trí na nósanna imeachta ag na teorainneacha seachtracha, agus lena dtreisítear an comhar idir údaráis éagsúla, laistigh de na Ballstáit agus eatarthu, an comhar le gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus an comhar le tríú tíortha.

Tá dul chun cinn déanta ag an Aontas maidir le héifeachtacht an fhillte a neartú. In 2025, d’eisigh na Ballstáit 487 285 ordú imeachta agus cuireadh ar ais go héifeachtach 136 665 náisiúnach tríú tír a bhí ag fanacht go neamhdhleathach, rud a chomhfhreagraíonn do ráta fillte 28 %. Cé gur léir gur feabhas é an ráta fillte sin i gcomparáid le 2024 (ráta fillte 24 %), tá dul chun cinn mór fós le déanamh chun a áirithiú go ndéanfar na náisiúnaigh tríú tír a dtugtar ordú dóibh imeacht a fhilleadh go héifeachtach.

I bhfianaise an mhéid sin, tá bearta breise á ndéanamh ag an gCoimisiún chun éifeachtacht na bhfillteacha a fheabhsú a thuilleadh tríd an tionscnamh nua seo a chur i láthair lena mbunaítear cnámh droma digiteach coiteann, lena nasctar na húdaráis, na próisis agus na huirlisí ábhartha. Ina theannta sin, in éineacht leis an tionscnamh seo, tá an Coimisiún ag moladh freisin athbhreithniú a dhéanamh ar shainordú Frontex chun a ról mar ghníomhaí an Aontais sa chomhchóras um fhilleadh a neartú go suntasach. In éineacht leis an Rialachán nua um Fhilleadh, léiríonn na tionscnaimh sin uaillmhian fheabhsaithe an Aontais filleadh tapa agus éifeachtach a bheith ann, mar chuid lárnach de chóras imirce dea-bhainistithe an Aontais.

Is uirlis thábhachtach é an digiteáil i mbosca uirlisí an Aontais chun fillteacha a dhéanamh níos éifeachtaí, chun tacú le cur chun feidhme chomhchóras nua an Aontais um fhilleadh a cuireadh i bhfeidhm leis an Rialachán um Fhilleadh, agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú. Trí nósanna imeachta agus comhordú níos éifeachtúla a chumasú, chomh maith le bailiú sonraí níos iontaofa, tá córais dhigiteacha ríthábhachtach chun beartas agus rialacha

---

(1) An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce, COM(2026) 45 final, 26 Eanáir 2026.

(2) Rialachán (AE) 2026/2280 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2026 lena mbunaítear comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh, agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2001/40/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle, (IO L, 2026/2280, 15.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/2280/oj).

imirce a cheapadh, a fhorfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh orthu go héifeachtach. Rannchuidíonn siad ar deireadh le huirlisí nua-aimseartha, slána agus éifeachtúla a bhaint amach chun cáilíocht, comhsheasmhacht agus tráthúlacht na cinnteoireachta maidir le filleadh a fheabhsú, agus chun forfheidhmiú a fheabhsú. Cuideoidh an digiteáil le faisnéis a chur ar fáil san áit agus nuair is gá, le próisis a uathoibriú, le hobair láimhe agus an t-ualach riaracháin a laghdú, le comhar idir údaráis a éascú, agus le feabhas a chur ar fhaireachán agus ar chur chun feidhme fillteacha. Dá bhrí sin, is cumasóir tábhachtach de chomhchóras an Aontais um fhilleadh é digiteáil an bhainistithe cásanna i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-lánpháirtithe, rud a chomhlánaíonn ról oibríochtúil neartaithe Frontex maidir le filleadh agus a chuidíonn le huaillmhian fheabhsaithe an Aontais i réimse an fhillte a aistriú ina gníomhaíocht níos comhordaithe, níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí.

D'ainneoin iarrachtaí suntasacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais le blianta beaga anuas, tá an tírdhreach digiteach le haghaidh bainistiú cásanna a bhaineann le filleadh fós ilroinnte, le forbairt mhíchothrom, difríochtaí leathana maidir le hinfhaighteacht sonraí, a fheidhmiúlachtaí agus a idir-inoibritheacht, chomh maith le comhroinnt theoranta sonraí. Ar an gcéad dul síos, níl rochtain éasca ag na húdaráis ábhartha uile ar an bhfaisnéis is gá chun filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh a dhéanamh go héifeachtúil. Ní dhéantar na sonraí atá ar fáil agus is gá chun na próisis sin a chur i gcrích go tapa a chomhroinnt go leordhóthanach ná níl rochtain leordhóthanach orthu laistigh de Bhallstát aonair, i measc na mBallstát (agus idir na Ballstáit agus Frontex), ná idir na Ballstáit (nó Frontex) agus tríú tíortha. Ar an dara dul síos, tá ualach riaracháin iomarcach ar na húdaráis imirce. Ar an tríú dul síos, tá gá le staidreamh níos mionsonraithe, a mbeidh fáil níos tapa air, maidir le filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh.

Trí phríomhchúis atá leis na fadhbanna sin. Ar an gcéad dul síos, tá digiteáil an bhainistithe cásanna i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha fós neamhleor agus ilroinnte ar fud an Aontais. Tá éagsúlacht mhór idir na córais náisiúnta um fhilleadh ó thaobh infhaighteachta, feidhmiúlachta agus idir-inoibritheachta de, agus is minic a bhíonn siad dínasctha ó uirlisí um athligean isteach agus um ath-imeascadh atá ag an Aontas cheana. Tá an rialachas ilroinnte ar an gcaoi chéanna, agus tá freagrachtaí roinnte ar fud na mBallstát, ghníomhaireachtaí an Aontais, agus comhpháirtithe tríú tír, rud a fhágann go bhfuil caighdeáin neamhréireacha ann, chomh maith le socruithe casta maidir le cosaint sonraí agus spleáchas ar chistiú seachtrach agus ar chomhar seachtrach. Ar an dara dul síos, fiú nuair atá córais dhigiteacha bainistithe cásanna i bhfeidhm agus iad comhtháite, is minic nach leor feidhmiúlachtaí na gcóras sin. Is annamh a chuirtear chun feidhme príomhghnéithe amhail spriocdhátaí a choigeartú, nó obair leantach uathoibríoch ar chinntí um fhilleadh. D'fhéadfadh dúbláil cásanna agus staidreamh neamhiontaofa a bheith ina dtoradh ar theorainneacha teicniúla, amhail easpa naisc le Córas Faisnéise Schengen nó easpa aitheantóir aonair d'fhillí. Ar an tríú dul síos, in éagmais bunúis dlí atá soiléir go leor i dtaobh sonraí a chomhroinnt agus córais TF a fhorbairt, cuirtear srian ar úsáid na gcóras TF atá ann cheana agus coisctear forbairt córas nua.

I bhfianaise an mhéid sin, is é is cuspóir don togra seo tacú le cur chun feidhme níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla na rialacha maidir le filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas, a leagtar síos sa Rialachán um Fhilleadh, agus rannchuidiú le cur chun feidhme an chur chuige nua maidir leis an imirce. Trí na modhanna digiteacha is gá a sholáthar chun tacú le cur chun feidhme na rialacha coiteanna nua, rannchuideoidh an togra leis an gcomhchóras um fhilleadh a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos oibríochtúla sa chleachtas, le sreabha oibre níos simplí agus níos uathoibrithe lena laghdaítear an t-ualach riaracháin. San fhadtéarma, bheadh sé sin ar an gcéad chéim i dtreo córas bainistithe imirce de chuid an Aontais a bheadh cuimsitheach,

comhtháite agus digiteálaithe, a rachadh níos faide ná próisis um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh agus a d'fhéadfadh próisis imirce eile, amhail tearmann, a chuimsiú.

Is é is aidhm don tionscnamh feabhas a chur ar chomhroinnt sonraí idir údaráis inniúla, i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí, chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis is gá ar fáil chun próisis um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh a chur i gcrích agus chun faireachán a dhéanamh orthu; ualach riaracháin agus ualach oibre na n-údarás náisiúnta a laghdú go mór; dul chun cinn a dhéanamh maidir le digiteáil na bpróiseas um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh agus feidhmiúlachtaí teoranta na gcóras TF atá ann cheana a leigheas chun a áirithiú go gcuirfear lena mhéid a dhéantar próisis agus ceanglais tuairiscithe a dhigiteáil, a shimpliú agus a uathoibriú; agus feabhas a chur ar bhailiú sonraí chun gur féidir staidreamh níos cruinne agus níos mionsonraithe a chruthú go huathoibríoch agus é a bheith ar fáil go tráthúil.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Le Treoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin von der Leyen le haghaidh 2024-2029, fógraíodh plean chun cur chuige coiteann nua maidir le filleadh a chur chun cinn, maille le creat reachtach nua chun dlús a chur leis an bpróiseas agus é a shimpliú, chun a chinntiú go gcuirtear fillteacha i gcrích le dínit, chun bainistiú cásanna a dhigiteáil agus chun a chinntiú go n-aithnítear cinntí maidir le filleadh go frithpháirteach ar fud na hEorpa[(3)]. Iarrtar sa Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann go mbainfí leas iomlán as acmhainneacht na gcóras digiteach le haghaidh nósanna imeachta níos éifeachtúla i réimse na himirce.

Le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Fhilleadh Deonach agus Ath-lánpháirtiú[(4)] agus le Straitéis Oibríochtúil Chomhordaitheoir an Aontais Eorpaigh um Fhilleadh Níos Éifeachtaí[(5)], ardaíodh a thábhachtaí atá sé acmhainneacht iomlán na gcóras digiteach a ghiaráil chun éifeachtúlacht a fheabhsú. Luadh an pointe sin freisin i gClár Oibre an Choimisiúin le haghaidh 2025[(6)] agus tagraíonn an Clár Oibre an Choimisiúin le haghaidh 2026[(7)] do dhigiteáil an phróisis um fhilleadh mar bhealach chun leanúint den obair chun an comhchóras Eorpach um fhilleadh a nuachóiriú agus mar thionscnamh a bhfuil gné láidir simpliúcháin ag baint leis. Cuireadh i dtábhacht arís sa Straitéis Eorpach fhadtéarmach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce maidir le forbairt córas digiteach bainistithe cásanna i réimse an fhillte, an ath-imeasctha agus an athligin isteach, go rannchuideoidh an fhorbairt sin a thuilleadh le hualach oibre riaracháin na n-údarás náisiúnta a laghdú, agus le próisis a shimpliú agus a uathoibriú.

Sainaithnítear sa Rialachán um Fhilleadh córais dhigiteacha chun próisis um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh a bhainistiú mar cheann de chomhchodanna an

---

(3) Ursula von der Leyen, Treoirlínte Polaitiúla don Chéad Choimisiún Eorpach Eile, 2024–2029, Strasbourg, 18 Iúil 2024.

(4) An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: *EU Strategy on Voluntary Return and Reintegration* [Straitéis an Aontais Eorpaigh um Fhilleadh Deonach agus Ath-imeascadh]; COM(2021) 120 final, 27 Aibreán 2021.

(5) An Coimisiún Eorpach, Doiciméad Beartais: I dtreo straitéis oibríochtúil i gcomhair fillteacha níos éifeachtacha; COM(2023) 45 final, an 24 Eanáir 2023.

(6) An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún; Clár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2025, Dul ar aghaidh le chéile: Aontas níos dána, níos simplí agus níos tapúla, COM/2025/45 final, 11.2.2025.

(7) An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún; Clár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2026, Tráth Neamhspleáchais na hEorpa, COM(2025) 870 final, 21.10.2025.

chomhchórais um fhilleadh[8], ós rud é go bhfuil córais dhigiteacha ríthábhachtach chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach na rialacha um fhilleadh, lena n-áirítear an tábhacht a bhaineann leo chun gnéithe digiteacha a chumasú lena dtacaítear le haitheantas frithpháirteach éigeantach do chinntí um fhilleadh. Leagtar amach sa Rialachán um Fhilleadh bunúis dlí shoiléire i dtaobh chomhroinnt agus aistriú na sonraí is gá chun próisis um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh a chur i gcrích, i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme, ach ní thugtar aghaidh ann ar na modhanna teicniúla trínar cheart na sonraí sin a chomhroinnt agus a aistriú. Trí na modhanna teicniúla sin a mhionsonrú, rannchuideofar lena áirithiú go mbeidh na bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí oibríochtúil agus go gcomhlíonfar iad.

An tráth céanna, tá togra á chur i láthair ag an gCoimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar shainordú Frontex chun a ról mar ghníomhaí an Aontais sa chomhchóras um fhilleadh a leathnú freisin. Leis an sainordú athbhreithnithe, cuirfear ar iontaoibh na Gníomhaireachta na freagrachtaí agus na cumais is gá chun rannchuidiú le digiteáil an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha, rud a chruthóidh sineirgí leis an togra seo agus a chuideoidh chun an chnámh droma digiteach coiteann is gá a bhunú le haghaidh córas um fhilleadh níos comhtháite, níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ar fud an Aontais.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra ag teacht le huaillmhian níos leithne an Aontais réitigh Eorpacha a aimsiú agus a chur chun cinn sa ré dhigiteach, próisis a shimpliú agus ualach oibre riaracháin na n-údarás náisiúnta ábhartha agus na n-údarás ábhartha de chuid an Aontais a laghdú. I gcás inarb ábhartha, ba cheart d'fheidhmiúlachtaí na gcóras nuabhunaithe leas a bhaint as córais intleachta saorga, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Bunaítear bunús dlí an Aontais chun gníomhú faoi 79(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'). Leis an airteagal sin, tugtar sainordú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle bearta a ghlacadh i réimse na hinimirce neamhdhleathaí agus an chónaithe neamhúdaraithe, lena n-áirítear daoine a chónaíonn gan údarú a aistriú agus a aisdúichiú. Chuige sin, is bealach é córais éifeachtúla dhigiteacha bainistithe cásanna a fhorbairt agus a chur chun feidhme i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-lánpháirtithe.

Ina theannta sin, tá an togra bunaithe ar Airteagal 77(2)(b) agus (d) CFAE chun gur féidir leasú spriocdhírithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019[10]. Le hAirteagal 77(2)(b) agus (d) CFAE, tugtar sainordú

---

(8) Airteagal 40(1)(c) den Rialachán um Fhilleadh.

(9) Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh, 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), (IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

(10) Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (AE) 2016/399, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240, Rialachán (AE) 2018/1726, Rialachán (AE) 2018/1861 ó

do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle bearta a ghlacadh maidir leis na seiceálacha a mbeidh daoine faoina réir agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha agus aon bheart is gá a ghlacadh chun córas comhtháite bainistíochta do theorainneacha seachtracha a bhunú de réir a chéile.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir na fadhbanna a sainaithníodh a réiteach go héifeachtach ar an leibhéal náisiúnta. I bhfianaise mhéid ilroinnt an tírdhreacha dhigitigh atá ann faoi láthair, gan comhordú an Aontais agus creat dlíthiúil iomchuí de chuid an Aontais, leanfaidh na Ballstáit de chórais neamh-chomhtháite a fhorbairt, rud a fhágfaidh go mbeidh neamhéifeachtúlachtaí, digiteáil míchothrom agus costais níos airde ann. Leis sin, chuirfí bac ar chur chun feidhme rialacha coiteanna maidir le filleadh, lena n-áirítear an Rialachán nua um Fhilleadh, rud a d'fhágfadh go mbeadh leibhéil fho-optamacha fillte ann. Dhéanfadh sé sin difear freisin d'fheidhmiú cuí rialacha an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann agus bheadh tionchar aige ar limistéar Schengen.

Tá idirghabháil ar leibhéal an Aontais fíor-riachtanach chun idirnascadh na gcóras TF ábhartha ó Bhallstát go chéile a áirithiú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí Chórais Faisnéise AE a ghiaráil, trí mhalartú comhsheasmhach sonraí, agus trí éifeachtúlacht oibríochtúil ó Bhallstát go chéile. Is le cur chuige comhordaithe ar leibhéal an Aontais amháin is féidir aghaidh a thabhairt ar bhealach comhleanúnach ar na castachtaí trasteorann a bhfuil na Ballstáit ag tabhairt aghaidh orthu faoi láthair e.g. a mhéid a bhaineann le comhroinnt neamhleor sonraí idir na Ballstáit.

- **Comhréireacht**

Chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh, beartaítear leis an togra réiteach bunaithe ar chur chuige atá díláraithe go páirteach, lena gcuirfear leis na córais atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

Chun cásanna um fhilleadh a bhainistiú, fágfaidh an réiteach sin go soláthrófar do na Ballstáit an tsolúbthacht chun a gcórais bainistithe cásanna um fhilleadh ('RECAMAS náisiúnta') a bhunú ar dhoiciméad samhla agus sonraíochtaí arna bhforbairt ag Frontex ('Samhail RECAMAS'), nó ar chur chun feidhme tagartha TF, a bheadh comhdhéanta de roinnt modúil dhigiteacha, arna fhorbairt ag Frontex agus bunaithe ar Shamhail RECAMAS ('RECAMAS Frontex'), nó ar mheascán den dá cheann. Leis an gcur chuige sin, beidh na Ballstáit in ann cur le hinfheistíochtaí a rinneadh roimhe seo, agus cóineasú i dtreo creat coiteann á áirithiú an tráth céanna.

Is ar leibhéal an Aontais a sholáthrófar na córais bainistithe cásanna i réimse an athligin isteach ('iRCMS') agus an ath-imeasctha ('RIAT').

Trí chur leis na córais atá ann cheana agus trí bheith ag brath ar chur chuige atá díláraithe go páirteach, ní théann an togra thar an méid is gá chun na fadhbanna a sainaithníodh a réiteach.

- **An rogha ionstraime**

Is é rialachán an ionstraim is oiriúnaí chun na cuspóirí beartais inmhianaithe a bhaint amach i bhfianaise an chuspóra córas comhtháite digiteach nua bainistithe cásanna a bhunú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon.

---

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/817/oj).

Bíonn rialacháin ceangailteach, bíonn siad infheidhme go díreach i ngach Ballstát agus áirithítear rialacha aonfhoirmeacha ar fud an Aontais leo. Na fadhbanna atá ann faoi láthair i dtaobh ilroinnt agus neamhréireachtaí i ndáil le bainistiú digiteach na bpróiseas um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh, is é is cúis leo, den chuid is mó, na cineálacha éagsúla cur chuige náisiúnta atá ann. Dá bhrí sin, is le rialachán is fearr a thabharfar aghaidh ar na fadhbanna sin.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinneadh próiseas comhairliúcháin críochnúil leathan leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile in 2025.

Rinneadh agallaimh le húdaráis náisiúnta ó Bhallstáit an Aontais agus ó Thíortha Comhlachaithe Schengen, le gníomhaireachtaí agus institiúidí ábhartha de chuid an Aontais (eu-LISA, Frontex, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí), chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí idirnáisiúnta, acadóirí, agus comhpháirtithe um ath-imeascadh.

Rinneadh trí shuirbhé éagsúla i scríbhinn a bhí dírithe ar thrí chineál páirtithe leasmhara (i.e. údaráis náisiúnta Bhallstáit an Aontais agus Thíortha Comhlachaithe Schengen, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta).

Foilsíodh glao ar fhianaise agus bhí sé oscailte i gcomhair aiseolais ón 7 Samhain 2025 go dtí an 5 Nollaig 2025. Fuarthas 11 aighneacht ó sheachtar saoránach den Aontas, ó eagraíocht idirnáisiúnta amháin, ó eagraíocht neamhrialtasach amháin, ó eagraíocht ghairmiúil amháin agus ó chuideachta/gnólacht amháin.

An 30 Meán Fómhair 2025, reáchtáladh ceardlann le hionadaithe ó na Ballstáit, ó Thíortha Comhlachaithe Schengen agus ón gCoimisiún.

An 9 Nollaig 2025, thionóil an Coimisiún cruinniú le páirtithe leasmhara, le hionadaithe ó na Ballstáit, ó Thíortha Comhlachaithe Schengen agus ó Frontex.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

Tá measúnú tionchair ag gabháil leis an togra.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Cearta bunúsacha**

Mar chuid den mheasúnú tionchair, rinneadh measúnú ar thionchar na mbeart atá beartaithe ar chearta bunúsacha. Meastar go gcloíonn an togra le cearta bunúsacha.

D’fhéadfadh rioscaí teacht chun cinn i gcás nach sainítear rialachas na gcóras TF éagsúil ar bhealach atá soiléir a dhóthain, rud a d’fhágfadh go mbeadh deacrachtaí ann i dtaobh róil agus freagrachtaí na bpróiseálaithe agus na rialaitheoirí sonraí éagsúla a shainaithint, chomh maith leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme. Maolaítear na rioscaí sin trí fhorálacha soiléire a leagan síos maidir le rialachas na gcóras agus maidir leis na rialacha comhfhreagracha is infheidhme. Déanfar róil agus freagrachtaí faoi rialacha cosanta sonraí a leithdháileadh go soiléir (i.e. cé atá ina rialaitheoir, cé atá ina phróiseálaí).

Áirithítear go gcomhlíontar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí le haghaidh institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais. Déantar foráil sa togra maidir le roinnt coimircí, lena n-áirítear criptiú, rialuithe rochtana, agus logáil iniúchóireachta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Mar a leagtar amach sa ráiteas airgeadais reachtach agus digiteach a ghabhann leis seo, tá na hinfheistíochtaí is gá ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát comhoiriúnach le Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034 agus d’fhéadfaí iad a mhaoiniú le linn CAI 2028-2034.

Chun a RECAMAS náisiúnta a fhorbairt agus a fheabhsú, beidh na Ballstáit in ann leas a bhaint as na cistí arna leithdháileadh faoina gcláir náisiúnta i gcomhréir leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tearmann, don imirce agus don lánpháirtíocht le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034[(11)].

Is le buiséad an Aontais a mhaoineofar forbairt agus cothabháil RECAMAS Frontex, iRCMS, RIAT agus cainéal cumarsáide slán (‘an tairseach chumarsáide’).

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Áirítear sa togra dlí forálacha maidir le faireachán agus meastóireacht bunaithe ar na táscairí seo a leanas.

**Cuspóir sonrach 1: comhroinnt sonraí a fheabhsú**

- Líon na dtacar sonraí maidir le cásanna um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh arna n-iarraidh ag na Ballstáit agus arna gcur ar fáil do Bhallstáit eile laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme a leagtar síos leis an Rialachán um Fhilleadh.
- Líon na n-iarrataí ar athligean isteach arna bpróiseáil trí iRCMS.

**Cuspóir sonrach 2: próisis um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh a dhigiteáil, a uathoibriú agus a shimpliú**

- An líon RECAMASanna náisiúnta atá i bhfeidhm.
- An líon Ballstát a bhaineann úsáid as RECAMAS Frontex, nó as codanna de.
- An líon RECAMASanna náisiúnta a bhfuil iRCMS agus RIAT comhtháite leo.

(11) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tearmann, don imirce agus don lánpháirtíocht le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034, COM/2025/540 final.

- An líon RECAMASanna náisiúnta atá nasctha leis an tairseach chuardaigh Eorpach (‘ESP’), an Lárstóras um Thuairisciú agus Staidreamh (‘CRRS’) agus Córas Faisnéise Schengen (‘SIS’).
- An líon RECAMASanna náisiúnta atá nasctha leis an tairseach chumarsáide.
- An líon fophróiseas atá cuíchóirithe nó uathoibrithe.
- Meánfhad an aga próiseála in aghaidh an cháis um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh.
- An líon baill foirne ar cuireadh oiliúint orthu i ndáil le nósanna imeachta nua agus córais TF nua.

**Cuspóir sonrach 3: cruthú staidrimh chruinn a chumasú**

- An líon tacair sonraí staidrimh (de réir an Rialacháin um Fhilleadh) a chruthaítear go huathoibríoch.
- An líon tacair sonraí staidrimh (de réir an Rialacháin um Fhilleadh) a sholáthraítear laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme a leagtar síos leis an Rialachán um Fhilleadh.

Déanfar faireachán ar chur i bhfeidhm na rialacha nua freisin trí shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Baineann an chéad chaibidil le forálacha ginearálta (Airteagail 1 go 6). Leagtar síos inti ábhar an Rialacháin (Airteagal 1) agus na sainmhínithe ábhartha (Airteagal 2). Bunaítear léi an ailtireacht TF atá déanta as roinnt comhchodannna digiteacha (Airteagal 3) agus na cuspóirí atá le bainistiú cásanna a dhigiteáil i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha (Airteagal 4). Soiléirítear inti ról Chórais Faisnéise AE agus na gcomhchodannna idir-inoibritheachta atá ann cheana (Airteagal 5), agus ról na gcóras TF náisiúnta ábhartha eile (Airteagal 6).

Baineann an dara caibidil (Airteagail 7 go 14) le córais bainistithe cásanna agus tugtar aghaidh inti ar na ceisteanna maidir le taifeadadh (Airteagal 7), ceadú (Airteagal 8), ceartú agus léirscriosadh sonraí (Airteagal 9). Leagtar síos inti na gnéithe feidhmiúla coiteanna ba cheart a bheith ag na trí chóras TF a bheidh ann amach anseo maidir le filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh (Airteagal 10) agus na gnéithe feidhmiúla riachtanacha sonracha ba cheart a bheith ag gach córas ar leithligh: an córas náisiúnta bainistithe cásanna um fhilleadh (‘RECAMAS náisiúnta’) (Airteagal 11), córas comhtháite bainistithe cásanna an Aontais um athligean isteach (‘iRCMS’) (Airteagal 12) agus córas bainistithe cásanna an Aontais um ath-imeascadh (‘RIAT’) (Airteagal 13). Bunaítear léi an bealach cumarsáide idir údaráis imirce (‘tairseach chumarsáide’) (Airteagal 14).

Baineann an tríú caibidil le forbairt agus oibriú na gcóras agus leis na freagrachtaí comhfhreagracha (Airteagail 15 go 26). Sainítear róil agus freagrachtaí don chéim forbartha (Airteagal 15) agus bunaítear an rialachas TF comhfhreagrach trí Bhord Bainistíochta Cláir a chruthú, rud atá ar aon dul leis an méid a dhéantar de ghnáth chun córais TF eile a fhorbairt (Airteagal 16). Sainítear róil agus freagrachtaí maidir le bainistiú oibríochtúil na gcóras (Airteagal 17) agus áirítear forálacha sonracha maidir le slándáil sonraí (Airteagal 18), coimeád logaí (Airteagal 19), coinneáil sonraí (Airteagal 20), cearta na n-ábhar sonraí (Airteagal 21), staidreamh (Airteagal 22), an fhreagracht as próiseáil sonraí pearsanta (Airteagal 23), oiliúint foirne (Airteagal 24), an comhar is gá idir na húdaráis mhaoirseachta

náisiúnta um chosaint sonraí agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (Airteagal 25) agus pionóis i gcás neamhchomhlíonadh an Rialacháin (Airteagal 26).

Tugtar aghaidh sa cheathrú caibidil ar na leasuithe spriocdhírithe ar ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais (Airteagail 27 go 30) agus go sonrach:

- Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), ós rud é go leathnófar sainordú eu-LISA chun tacú le Frontex agus chun an tairseach chumarsáide a bhunú (Airteagal 27).
- Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (Airteagal 28).
- Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena mbunaítear creat le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE, chun a áirithiú gur féidir an Lárstóras um Thuairisciú agus Staidreamh a nascadh le córais náisiúnta, agus chun gur féidir an tairseach chumarsáide nuabhunaithe a úsáid freisin chun faisnéis a mhalartú chun tacú le réiteach na nasc arna sainaithint ag an mBrathadóir Ilchéannachtaí (Airteagail 29 agus 30).

Sa chúigiú caibidil atá na forálacha críochnaitheacha, lena dtugtar aghaidh ar cheist na gcostas (Airteagal 31), lena gceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na húdaráis inniúla (Airteagal 32), agus lena bhforáiltear d'infheidhmeacht chéimnithe in aghaidh an chórais agus in aghaidh an Bhallstáit chun a áirithiú go gcuirfear tús de réir a chéile le hoibríochtaí (Airteagal 33). Áirítear inti foráil maidir leis an nós imeachta coiste (Airteagal 34) agus bunaítear léi an Grúpa Comhairleach, a sholáthróidh roinnt tacaíocht theicniúil do Bhord Bainistíochta an Chláir (Airteagal 35). Áirítear inti ceanglas ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pointí teagmhála (Airteagal 36) agus sainítear inti na bearta faireacháin agus meastóireachta (Airteagal 37). Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (Airteagal 38).

2026/0340 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le bainistiú cásanna a dhigiteáil i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1860, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2), pointí (b) agus (d) agus Airteagal (79)(2), pointe (c) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[(1)],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[(2)],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Braitheann inbhuanaitheacht an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn agus dea-fheidhmiú limistéar Schengen ar an gcumas córas cuimsitheach a thógáil lena mbainistítear an imirce san fhadtéarma. Is cuid lárnach de chóras inchreidte bainistithe imirce é beartas éifeachtach um fhilleadh.

(2) Is é is aidhm don Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann an córas sin a thógáil, agus braitheann sé ar phróisis ghasta shoiléire chomh maith le dlúthchomhar idirnasctha idir údaráis éagsúla, laistigh de na Ballstáit agus eatarthu, le gníomhaireachtaí an Aontais agus le tríú tíortha. Bunaítear le reachtaíocht an Chomhshocraithe nasc gan uaim idir nósanna imeachta tearmainn agus nósanna imeachta um fhilleadh chun éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an chórais tearmainn agus imirce ina iomláine a mhéadú.

(3) Le Rialachán (AE) 2026/2280 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(3)] lena mbunaítear comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh, sainaithnítear córais dhigiteacha chun filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh náisiúnach tríú tír a bhainistiú mar phríomhchodanna den chomhchóras um fhilleadh.

(4) An Coimisiún, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (‘eu-

(1) IO C […], […], lch. […]

(2) IO C […], […], lch. […]

(3) Rialachán (AE) 2026/2280 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2026 lena mbunaítear comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh, agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2001/40/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle, (IO L, 2026/2280, 15.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/2280/oj).

LISA'), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ('Frontex'), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus tá infheistíochtaí suntasacha déanta ag na Ballstáit i bhforbairt agus i gcur chun feidhme córas teicneolaíochta faisnéise ('TF') i réimse an bhainistithe imirce.

(5) Sa bhainistiú cásanna i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha, tá éagsúlacht nach beag ann ó Bhallstát go chéile maidir le hinfhaighteacht, leibhéal digiteálaithe agus feidhmiúlachtaí na gcóras TF. Na córais TF atá ann cheana maidir le filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, is ar leithligh a forbraíodh iad agus ba ghníomhaithe éagsúla a d'fhorbair iad, rud a fhágann go bhfuil tírdhreach digiteach ilroinnte ann ina bhfuil idir-inoibritheacht theoranta agus féidearthachtaí teoranta maidir le comhroinnt sonraí.

(6) Leis an gcreat dlíthiúil agus oibríochtúil atá ann faoi láthair, cuirtear teorainn le malartú agus bainistiú éifeachtach faisnéise le linn an phróisis um fhilleadh agus cruthaítear neamhéifeachtúlachtaí maidir le nósanna imeachta um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh a láimhseáil, agus cruthaítear ualach riaracháin. Is gá, dá bhrí sin, creat comhleanúnach a bhunú do chórais dhigiteacha i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha chun tacú le córas coiteann de chuid an Aontais um fhilleadh a bhunú.

(7) Ba cheart do na Ballstáit uile úsáid a bhaint as córais náisiúnta bainistithe cásanna um fhilleadh ('RECAMAS náisiúnta') lena n-áiritheofar go gcuirfear nósanna imeachta um fhilleadh i gcrích go córasach agus go pras. Chun leibhéal íosta éifeachtachta agus éifeachtúlachta a áirithiú, ba cheart RECAMAS náisiúnta a bheith bunaithe ar dhoiciméad samhla agus sonraíochtaí arna bhforbairt ag Frontex ('Samhail RECAMAS'), nó ar chur chun feidhme tagartha TF arna fhorbairt ag Frontex, bunaithe ar Shamhail RECAMAS ('RECAMAS Frontex'), nó ar mheascán de Shamhail RECAMAS agus de mhodúil dhigiteacha shonracha RECAMAS Frontex. Féadfaidh na Ballstáit a RECAMAS náisiúnta a fhorbairt agus, an tráth céanna, roinnt modúl sonrach ó RECAMAS Frontex a chomhtháthú ann, amhail feidhmchlár chun cumarsáid a dhéanamh le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir nós imeachta um fhilleadh. I gcás na mBallstát a roghnóidh RECAMAS Frontex nó cuid dá mhodúil a ghlacadh, ba cheart dóibh iad a chomhtháthú ina dtimpeallacht dhigiteach féin agus í a shaincheapadh a thuilleadh chun freastal ar a gcuid riachtanas féin. Ba cheart RECAMAS Frontex a sholáthar do na Ballstáit mar chóras TF neamhtháirgthe neamhspleách. Mar thoradh air sin, níor cheart RECAMAS Frontex a rith i dtimpeallacht táirgthe bheo agus níor cheart sonraí pearsanta a bheith ann.

---

(4) Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1726/oj).

(5) Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj).

(6) Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010, (IO L 468, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2303/oj).

(8) Chun comhar tapa éifeachtach a éascú le tríú tíortha agus le tríú páirtithe atá lonnaithe i dtríú tíortha i gcomhthéacs nósanna imeachta um athligean isteach agus ath-imeascadh, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le haistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta agus aird chuí á tabhairt ar chearta bunúsacha na n-ábhar sonraí, is gá córas comhtháite bainistithe cásanna um athligean isteach ('iRCMS') agus córas bainistithe cásanna um ath-imeascadh de chuid an Aontais ('RIAT') a bhunú ar leibhéal an Aontais. Leis na córais sin, ba cheart a bheith in ann bainistiú agus malartú slán a dhéanamh ar an bhfaisnéis is gá chun náisiúnaigh tríú tír a shainaithint, doiciméid taistil a eisiúint, oibríochtaí um fhilleadh a eagrú, agus ath-imeascadh agus cúnamh iartheachta a láimhseáil. Go háirithe, ba cheart iRCMS a úsáid chun nósanna imeachta um athligean isteach a bhainistiú agus féadfar é a nascadh le córais dhigiteacha bainistithe cásanna um athligean isteach tríú tíortha chun na gcríoch sin. Ba cheart RIAT a úsáid chun nósanna imeachta um ath-imeascadh a bhainistiú agus ba cheart tríú páirtithe atá inniúil ar chúnamh um ath-imeascadh a bheith in ann sonraí ábhartha a cheadú agus a thaifeadadh. Chun a áirithiú go mbainfidh úsáideoirí údaraithe úsáid éifeachtúil gan uaim as na córais sin, gan ceangal a chur orthu logáil amach agus logáil isteach agus córais éagsúla á rochtain acu, ba cheart iRCMS agus RIAT a chomhtháthú sa RECAMAS náisiúnta.

(9) Leis an Tairseach Chuardaigh Eorpach (ESP), a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2019/817 [7] agus (AE) 2019/818[8] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, éascaítear rochtain agus cuardach na gcóras faisnéise AE dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe 15, de Rialachán (AE) 2019/817 agus in Airteagal 4, pointe 15, de Rialachán (AE) 2019/818 ('córais faisnéise AE'). Le ESP, ba cheart rochtain thapa, rianúil, éifeachtúil, chórasach agus rialaithe a éascú d'údaráis na mBallstát agus do ghníomhaireachtaí an Aontais ar na córais sin trí chuardach comhuaineach a chumasú. Ba cheart d'údaráis na mBallstát, amhail údaráis imirce, agus Gníomhaireachtaí de chuid an Aontais ESP a úsáid chun na córais sin a chuardach i gcás inar gá sin chun a gcúraimí a dhéanamh i gcomhréir lena gcearta rochtana faoi na hionstraimí dlí lena rialaítear na córais sin.

(10) Tá gá le staidreamh cruinn iontaofa chun a áirithiú go ndéanfar faireachán agus measúnú cuí ar éifeachtúlacht na bpróiseas um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh. Déantar foráil sa Stóras Coiteann um Thuairisciú agus Staidreamh ('CRRS') maidir leis an bhféidearthacht staidreamh a ghiniúint ó chórais faisnéise AE. Ós rud é gur uirlis staidrimh é CRRS atá ann cheana ar leibhéal an Aontais, bheadh sé éifeachtúil, chun dúbláil uirlisí digiteacha a sheachaint, úsáid a bhaint as an uirlis dhigiteach sin freisin chun gur féidir staidreamh cruinn iontaofa a chruthú i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha. Dá bhrí sin, ba cheart CRRS a bheith in ann staidreamh den sórt sin a chruthú ó RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT agus, dá bhrí sin, ba cheart é a leasú dá réir. Ba cheart rochtain a bheith ag údaráis

---

[7] Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (AE) 2016/399, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240, Rialachán (AE) 2018/1726, Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/817/oj).

[8] Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/818/oj).

inniúla, Frontex, eu-LISA, agus an Coimisiún ar staidreamh i gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoi seach.

(11) I roinnt Ballstát, tá na córais bainistithe cásanna um fhilleadh atá ann cheana nasctha le córais agus bunachair sonraí ábhartha náisiúnta eile, amhail córais bainistithe cásanna tearmainn nó córais faisnéise a thacaíonn le húdaráis bhreithiúnacha, ina bhfuil sonraí a thacaíonn go díreach nó go hindíreach le bainistiú cásanna um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh. I mBallstáit eile, tá córais bainistithe cásanna um fhilleadh á bhforbairt. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit na naisc sin a choinneáil ar bun agus a fhorbairt agus a áirithiú go ndéanfar a RECAMAS náisiúnta a dhearadh sa bhealach agus gur féidir é a nascadh le córais ábhartha náisiúnta eile, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus an ceart bunúsach chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí á urramú.

(12) Ba cheart cead a bheith ag údaráis inniúla, údaráis náisiúnta eile agus Frontex na sonraí uile is gá, lena n-áirítear sonraí pearsanta, chun na nósanna imeachta sin a chur i gcrích go héifeachtach a thaifeadadh i gcórais bainistithe cásanna um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh. Ba cheart na sonraí a theorannú don mhéid is gá chun cásanna um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh a bhainistiú go héifeachtach agus ba cheart do gach údarás a áirithiú go bhfuil na sonraí arna dtaifeadadh aige cruinn agus cothrom le dáta.

(13) Ba cheart d'údaráis inniúla, d'údaráis náisiúnta eile, agus do Frontex a áirithiú go soláthrófar staidreamh iontaofa cruinn i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha, ar bhonn sonraí anaithnidithe.

(14) Ba cheart do gach oibríocht phróiseála sonraí pearsanta a dhéantar faoin Rialachán seo Rialacháin (AE) 2016/679[9] agus (AE) 2018/1725[10] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh, de réir mar is infheidhme.

(15) Níor cheart rochtain dhíreach a bheith ag údaráis inniúla ach ar na sonraí a thaifead siad in RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT. Mar sin féin, i gcás inar léir ó úsáid na Tairsí Cuardaigh Eorpaí nó ó úsáid iRCMS nó RIAT go bhfuil an náisiúnach tríú tír céanna faoi réir roinnt cásanna um fhilleadh i roinnt Ballstát, ba cheart don údarás inniúil eile lena mbaineann, aon údarás inniúil a thaifead sonraí maidir leis an náisiúnach tríú tír sin, arna iarraidh sin dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2026/2280, a sholáthar leis na sonraí a taifeadadh maidir leis an saoránach tríú tír sin, chun an cás a phróiseáil. I gcás inarb infheidhme, ba cheart na sonraí a iarradh a mhalartú trí bhealach cumarsáide slán ('an tairseach chumarsáide'). Ar chomhaontú ón údarás inniúil a thaifead na sonraí, níor cheart Frontex a bheith in ann na sonraí a taifeadadh in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS, agus in RIAT a cheadú ach amháin chun na gcríoch dár taifeadadh na sonraí.

(16) Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar údaráis inniúla agus ar Frontex, agus ba cheart an deis theicniúil a bheith acu, sonraí míchruinne, neamhiomlána nó sonraí a taifeadadh

---

[9] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[10] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

go neamhdhleathach a cheartú agus a scriosadh. A mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta, ba cheart an oibleagáid sin a chur i gcrích i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme. Má thagann údarás inniúil nó Frontex ar an eolas go bhfuil sonraí atá míchruinn ó thaobh fíoras de taifeadta ag údarás inniúil eile, ba cheart dó an t-údarás inniúil a thaifead na sonraí a chur ar an eolas faoin míchruinneas a luaithe is féidir. Ba cheart an fhaisnéis sin a tharchur tríd an tairseach chumarsáide.

(17) Chun leibhéal íosta éifeachtúlachta córas bainistithe cásanna um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh a áirithiú, ba cheart ceanglais fheidhmiúla a bhunú. Leis na feidhmiúlachtaí sin, ba cheart a bheith in ann aitheantóir aonair a leithdháileadh in aghaidh an cháis agus ba cheart láimhseáil éifeachtach cásanna a chumasú, lena n-áirítear cruthú cásanna uathoibrithe, fíorú céannachta, agus rianú fíor-ama ar stádais nós imeachta agus sprioc-amanna, aisghabháil sonraí ó Chóras Faisnéise Schengen, malartú slán sonraí le tríú tíortha, agus le húdaráis inniúla, agus cumarsáid dhigiteach le náisiúnaigh tríú tír á héascú, uathoibriú príomhnósanna imeachta, amhail iarratais ar athligean isteach a thionscnamh, cinntí um fhilleadh a eisiúint, foláirimh a ghiniúint i gCóras Faisnéise Schengen agus an tOrdú Eorpach um Fhilleadh a chruthú i gCóras Faisnéise Schengen, bainistiú cásanna um ath-imeascadh le tacaíocht TF, lena n-áirítear bainistiú airgeadais, dearbhú cáilíochta, agus faireachán feidhmíochta ar chláir chúnaimh, chomh maith le sásraí chun gearáin agus teagmhais a rianú, uirlisí oibríochtúla chun eitiltí a chur in áirithe, bainistiú doiciméad taistil, agus comhordú lóistíochta chun cur chun feidhme praiticiúil oibríochtaí um fhilleadh a éascú, agus cumais anailísíochta chun teacht roimh luaineachtaí i ndáil le cásanna, staidreamh a ghiniúint chun críoch faireacháin, agus trédhearcacht a áirithiú maidir le beartais um fhilleadh a chur i bhfeidhm. I gcás ina meastar go bhfuil sé ábhartha le linn na céime forbartha, ba cheart d'fheidhmiúlachtaí na gcóras úsáid a bhaint as córais intleachta saorga, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(11)].

(18) Na sonraí is gá chun cásanna maidir le filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh a bhainistiú, ní bhíonn siad ar fáil i gcónaí i gcórais faisnéise an Aontais, toisc nach féidir na sonraí a thaifeadadh i gcórais faisnéise an Aontais, mar shampla toisc go bhfuil roinnt catagóirí sonraí a bhaineann le fianaise prima facie ar náisiúntacht i gcomhthéacs nósanna imeachta um athligean isteach róshonrach lena stóráil in Eurodac nó i gCóras Faisnéise Schengen, nó toisc nár taifeadadh na sonraí i gcórais faisnéise an Aontais go fóill nó gur scriosadh iad ó chórais faisnéise an Aontais cheana féin. Sna cásanna sin, agus i gcás inar gá, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit comhroinnt thapa, shlán a dhéanamh ar na sonraí is gá chun cásanna um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh a bhainistiú. Ba cheart do phointí teagmhála aonair malartuithe den sórt sin a chomhordú agus a éascú.

(19) Ba cheart tairseach chumarsáide a bhunú chun na modhanna teicniúla a chur ar fáil do phointí teagmhála aonair na mBallstát agus do ghníomhaireachtaí an Aontais chun na sonraí is gá a chomhroinnt go tapa, go slán agus go héifeachtúil chun cásanna um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh a bhainistiú i gcás nach bhfuil na sonraí sin ar fáil i gcórais faisnéise ábhartha an Aontais. Ba cheart don tairseach chumarsáide gach RECAMAS náisiúnta chomh maith le Frontex a nascadh tríd an

(11) Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), (IO L, 2024/1689, 12.7.2024).

ardán comhtháite um bainistiú ar fhilleadh (‘IRMA’), agus ar an gcaoi sin malartú éifeachtach sonraí a éascú. Ba cheart do na Ballstáit an tairseach chumarsáide a úsáid i gcás inar gá na sonraí sin a chomhroinnt chun a gcúraimí a chomhlíonadh agus i gcomhréir lena gcearta rochtana faoi seach agus leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí.

(20) Ba cheart do Frontex cur lena shaineolas féin agus leanúint de Shamhail RECAMAS a fhorbairt. Mar úsáideoir rialta na gcóras bainistithe cásanna um athligean isteach atá ann cheana agus mar phríomhúsáideoir RIAT, is é Frontex is fearr atá in ann freagracht a ghlacadh as forbairt, éabhlóidí teicniúla agus bainistiú oibríochtúil iRCMS agus RIAT. Ós rud é gur ar an leibhéal náisiúnta a fhanfaidh córais bainistithe cásanna um fhilleadh, ba cheart do na Ballstáit leanúint de fhreagracht a ghlacadh as forbairt, éabhlóidí teicniúla agus bainistiú oibríochtúil RECAMAS náisiúnta.

(21) Agus an tairseach chumarsáide á forbairt, ba cheart tús áite a thabhairt d’athúsáid bonneagar digiteach dea-fheidhmiúil atá ann cheana chun sonraí a chur in iúl idir údaráis imirce toisc go bhfágfadh sé sin go bhféadfaí an tairseach chumarsáide a chur chun feidhme go teicniúil níos tapúla agus go rannchuideodh sé lena costais airgeadais a laghdú. Dá réir sin, féadfaidh an tairseach chumarsáide a bheith bunaithe ar bhonneagar digiteach atá ann cheana agus atá faoi fhreagracht eu-LISA faoi láthair, amhail an bonneagar digiteach atá mar bhonn agus mar thaca ag córais SIRENE nó DublinNet. Dá bhrí sin, ba cheart do eu-LISA freagracht a ghlacadh as forbairt, éabhlóidí teicniúla agus bainistiú oibríochtúil an chainéil cumarsáide shláin sin, agus as faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa taighde atá ábhartha don bhainistiú oibríochtúil. Chun sainordú eu-LISA a thabhairt cothrom le dáta agus chun an ról a chur de chúram air tacú le Frontex maidir le RECAMAS Frontex, iRCMS agus RIAT a fhorbairt, ba cheart Rialachán a leasú dá réir.

(22) Le malartú digiteach faisnéise le tríú tíortha a bhfuil baint acu le nósanna imeachta um athligean isteach, rannchuidítear le comhar níos éifeachtúla agus éascaítear láimhseáil thráthúil cásanna um athligean isteach. I gcás ina bhforáiltear leis na socruithe ábhartha le tríú tír do mhalartuithe digiteacha den sórt sin, ba cheart do Frontex, dá bhrí sin, na socruithe teicniúla is gá a chur i bhfeidhm, arna iarraidh sin don Choimisiún, chun tarchur slán na faisnéise lena mbaineann a chumasú. Ba cheart an comhar sin a bheith teoranta don fhaisnéis is gá don chás aonair um athligean isteach agus níor cheart rochtain ghinearálta ar iRCMS ná ar an bhfaisnéis a choimeádtar ann a thabhairt don tríú tír ar a bhonn.

(23) Chun comhar éifeachtach na bpáirtithe leasmhara uile agus bainistiú agus comhordú leordhóthanach chéim forbartha shamhail RECAMAS, RECAMAS Frontex, iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide a áirithiú, ba cheart Bord Bainistíochta an Chláir a bhunú. Ba cheart é a bheith comhdhéanta de dheichniúr Comhaltaí arna gceapadh ag Bord Bainistíochta Frontex, Bord Bainistíochta eu-LISA, Stiúrthóirí Feidhmiúcháin Frontex agus eu-LISA agus an Coimisiún. Ba cheart do Bhord Bainistíochta an Chláir teacht le chéile go rialta go dtí go gcuirfear tús le hoibríochtaí gach RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide. Ba cheart do Bhord Bainistíochta an Chláir leanúint de theacht le chéile tar éis thús na n-oibríochtaí. Ba cheart do Bhord Bainistíochta an Chláir tuarascálacha a ullmhú ar bhonn rialta agus ba cheart dó na tuarascálacha sin a roinnt le Bord Bainistíochta Frontex agus le Bord Bainistíochta eu-LISA.

(24) Is gá ardleibhéal slándála a áirithiú do RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT, agus don tairseach chumarsáide toisc go bpróiseálann na córais sin sonraí íogaire oibríochtúla

agus pearsanta agus go bhféadfaí cearta, sábháilteacht agus príobháideachas daoine aonair a chur i mbaol dá mbainfí díobh. Tá sé fíor-riachtanach freisin rúndacht, sláine agus infhaighteacht na faisnéise a mhalartaítear idir na Ballstáit, Frontex agus eu-LISA a chaomhnú, agus ar an gcaoi sin muinín agus feidhmiú éifeachtach an chomhair maidir le bainistiú an fhillte a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit, do Frontex agus do eu-LISA ardleibhéal slándála sonraí a áirithiú do na córais a bhfuil siad freagrach astu. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit, do Frontex agus do eu-LISA bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáiltear sna córais sin a chosaint ar scriosadh, cailleadh, athrú, nochtadh neamhúdaraithe agus rochtain neamhúdaraithe sonraí, bíodh sé sin de thaisme nó go neamhdhleathach. Leis na bearta sin, ba cheart, go háirithe, cosaint fhisiciúil, rialú rochtana, rialú stórála, rialú úsáideoirí, rialú rochtana ar shonraí, rialú cumarsáide, rialú taifeadta sonraí, rialú iompair, aisghabháil, iontaofacht, sláine agus féin-iniúchóireacht a áirithiú, lena n-áirítear brath uathoibríoch, laistigh de 24 uair an chloig, imeachtaí ábhartha a d'fhéadfadh a thabhairt le fios gur tharla teagmhas slándála.

(25) Chun dlíthiúlacht na próiseála sonraí a áirithiú, chun sláine agus slándáil sonraí a ráthú agus chun maoirseacht éifeachtach a chumasú, ba cheart gach oibríocht próiseála sonraí a dhéantar in RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus sa tairseach chumarsáide a logáil. Ba cheart rochtain a bheith ag údaráis inniúla, údaráis mhaoirseachta um chosaint sonraí agus, i gcás inarb iomchuí, Frontex agus eu-LISA ar na logaí a mhéid is gá chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh.

(26) Níor cheart na sonraí pearsanta arna dtaifeadadh RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT a choimeád níos faide ná mar is gá chun na gcríoch dá bhfuil na sonraí á bpróiseáil. Tá gá oibríochtúil le tréimhse choinneála 10 mbliana lena chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla cásanna a bhaineann le filleadh a shainaithint agus faireachán agus measúnú a dhéanamh orthu le himeacht ama, lena n-áirítear cásanna ina dtagann daoine aonair ar ais faoi chéannachtaí éagsúla, agus chun leanúnachas na láimhseála cásanna a áirithiú ar fud na nósanna imeachta agus ó údarás go chéile. Tá gá léi freisin chun tacú le cinntí um fhilleadh, toirmisc ar theacht isteach agus bearta leantacha gaolmhara a ullmhú, a eisiúint, a aithint agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear comhlíonadh a fhíorú, rioscaí athiontrála a bhainistiú agus iarratais nó achomhairc ina dhiaidh sin a láimhseáil, chomh maith le mí-úsáid scéimeanna cúnaimh um ath-imeascadh a chosc, lena n-áirítear iarratais a dhéantar arís agus arís eile i mBallstáit éagsúla. I gcás inar faide ná 10 mbliana fad toirmisc ar theacht isteach, is gá an tréimhse choinneála a bheith i bhfeidhm ar feadh thréimhse an toirmisc sin ionas gur féidir leis na húdaráis an toirmeasc a fhíorú agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus taifead cruinn a choinneáil ar bun chun críoch bainistithe teorainneacha, rialaithe imirce agus slándála poiblí. Chun a áirithiú go léirscriosfar na sonraí go héifeachtach, ba cheart foráil a dhéanamh sna córais maidir le léirscriosadh uathoibrithe na sonraí a luaithe a bheidh an tréimhse choinneála caite. Ós rud é nach n-eisíonn Frontex cinntí um fhilleadh, ba cheart feidhm a bheith ag rialacha sonracha agus ag tréimhse choinneála níos giorra maidir le Frontex, dá bhforáiltear i Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *[Rialachán EBCG]*.

(27) Ba cheart d'ábhair sonraí a bheith in ann a gcearta a fheidhmiú go héifeachtach i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725.

(28) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2018/1725 maidir leis an bpróiseáil a dhéanann Frontex agus eu-LISA ar shonraí pearsanta de bhun an Rialacháin seo, agus ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2016/679 maidir leis an bpróiseáil a

dhéanann na Ballstáit ar shonraí pearsanta de bhun an Rialacháin seo. Urramaítear sa Rialachán seo na cearta agus na prionsabail bhunúsacha a aithnítear i gCairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Go háirithe, ba cheart próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme agus ar bhealach lena n-áirithítear lánurraim do na cearta agus do na prionsabail sin.

(29) Chun tacú le faireachán oibríochtúil, ba cheart sonraí staidrimh ábhartha ó RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT a thaifeadadh ar bhealach uathoibrithe in CRRS.

(30) Chun cuntasacht agus rialachas éifeachtach cosanta sonraí a áirithiú maidir le hoibriú RECAMAS, iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide, is gá róil na n-údarás a bhfuil baint acu le próiseáil sonraí pearsanta a shonrú. Ba cheart freagrachtaí oibríochtúla agus acmhainneachtaí teicniúla na ngníomhaithe bainteacha le haghaidh gach córais lena mbaineann a bheith ag teacht le leithdháileadh na ról rialachais. Dá réir sin, ba cheart do na Ballstáit ainmniú a dhéanamh ar an údarás náisiúnta atá ag gníomhú mar rialaitheoir le haghaidh sonraí a iontráiltear sa RECAMAS náisiúnta agus le haghaidh a mbainistithe oibríochtúil, agus ba cheart do Frontex gníomhú mar phróiseálaí sonraí i gcás ina ndéanfaidh sé sonraí a thaifeadadh sna córais sin. I gcás iRCMS, ba cheart gach Ballstát a mheas a bheith ina rialaitheoir i ndáil le próiseáil na sonraí a thaifeadann sé sa chóras sin. Ba cheart Frontex a mheas a bheith ina phróiseálaí i ndáil le próiseáil na sonraí a thaifeadann sé in iRCMS, agus lena bhainistiú oibríochtúil. I gcás RIAT, ba cheart gach Ballstát a mheas a bheith ina rialaitheoir i ndáil le próiseáil na sonraí a thaifeadann sé sa chóras sin maidir le cásanna ó chláir náisiúnta cúnaimh um ath-imeascadh. Ba cheart na Ballstáit agus Frontex a mheas mar rialaitheoirí comhpháirteacha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a thaifeadtar in RIAT le haghaidh cásanna a bhainistítear faoi chlár cúnaimh um ath-imeascadh de chuid an Aontais. Ba cheart Frontex a mheas a bheith ina phróiseálaí i ndáil le próiseáil na sonraí a thaifeadann sé maidir le cásanna ó chláir náisiúnta cúnaimh um ath-imeascadh arna mbainistiú in RIAT agus maidir le bainistiú oibríochtúil RIAT. I gcás na tairsí cumarsáide, ba cheart na Ballstáit agus Frontex a mheas a bheith ina rialaitheoirí comhpháirteacha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta arna malartú tríd an tairseach chumarsáide. Ba cheart eu-LISA a mheas a bheith ina phróiseálaí i ndáil le bainistiú oibríochtúil na tairsí cumarsáide.

(31) Chun oibriú slán dleathach RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide a áirithiú, ba cheart oiliúint iomchuí rialta a chur ar bhaill foirne na n-údarás inniúil, Frontex agus eu-LISA atá údaraithe chun rochtain a fháil ar na córais sin.

(32) D’fhéadfadh sé gur ghá sonraí áirithe atá i gCóras Faisnéise Schengen agus atá ábhartha chun críoch fillte, athligin isteach agus ath-imeasctha a bheith ar fáil i gcónaí do na Ballstáit chun bainistiú leanúnach a dhéanamh ar chásanna um fhilleadh tar éis scriosadh an fholáirimh chomhfhreagraigh ón gcóras. D’fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an bhfaisnéis sin chun an duine a shainaithint agus chun stair a fhillte roimhe sin a shuí i gcás ina dtiocfaidh an duine isteach i gcríoch na mBallstát arís ina dhiaidh sin agus ina mbeidh sé faoi réir nós imeachta nua um fhilleadh. Ach faisnéis ábhartha a choinneáil i gcórais náisiúnta i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí agus na rialacha coinneála sonraí is infheidhme lena rialaítear RECAMAS náisiúnta, d’áiritheofaí go mbeadh fáil uirthi i gcomhair na nósanna imeachta sin ina dhiaidh sin agus dhéanfaí sainaithint an duine a éascú, lena n-áirítear i gcás inar eisigh Ballstát eile cinneadh um fhilleadh agus inar aithníodh é ina dhiaidh sin i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le haitheantas frithpháirteach. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a

bheith ag na Ballstáit rochtain a fháil ar na sonraí atá sna foláirimh maidir le filleadh dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] agus na sonraí sin a choinneáil. Ós rud é go nglactar leis an bhféidearthacht sin go mbeidh rochtain ar fholáirimh maidir le filleadh, ba cheart do na Ballstáit a úsáideann Córas Faisnéise Schengen de bhun Rialachán (AE) 2018/1860 é a chur i bhfeidhm. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar cháilíocht na sonraí i gCóras Faisnéise Schengen. I gcás ina bhfuil sonraí ábhartha breise nó modhnaithe ag Ballstát, nó ina bhfuil fianaise aige a thugann le tuiscint go bhfuil sonraí mícheart go fíorasach nó gur stóráladh go neamhdhleathach iad, ba cheart dó an Ballstát eisiúna foláirimh a chur ar an eolas trí mhalartú faisnéise forlíontaí i gcomhréir le nósanna imeachta bunaithe chun na sonraí atá san fholáireamh a chomhlánú, a mhodhnú nó a scriosadh. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2018/1860 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(33) Chun cumarsáid éifeachtúil, shlán agus chaighdeánaithe a áirithiú idir údaráis na mBallstát agus idir na húdaráis sin agus Láraonad ETIAS arna bhunú de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], ba cheart an tairseach chumarsáide a bheith ina bealach cumarsáide freisin a cheanglaítear faoi Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818. D'fhágfadh úsáid na tairsí cumarsáide chun na críche sin go bhféadfaí modh cumarsáide a chur chun feidhme go teicniúil níos tapúla. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 a leasú dá réir.

(34) Chun tús éifeachtach, slán agus ordúil oibríochtaí RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide a áirithiú, is gá foráil a dhéanamh maidir le cur chuige solúbtha a mhéid a bhaineann leis an dáta óna mbeidh na córais sin le húsáid. Ba cheart a cheangal ar na Ballstáit RECAMAS náisiúnta a bheith i bhfeidhm acu agus a úsáid faoi 4 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar a dhéanaí agus fógra a thabhairt don Choimisiún agus do Frontex maidir leis an dáta a thosóidh siad á úsáid. Chun a áirithiú go gcuirfear tús aonfhoirmeach iontaofa le hoibríochtaí na gcomhpháirteanna éagsúla den ailtireacht fhoriomlán, ba cheart don Choimisiún cur i gcrích fhorbairt iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide a chinneadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, tar éis tástálacha cuimsitheacha a chur i gcrích go rathúil. Ar an mbonn sin, ba cheart do na Ballstáit, laistigh de theorainneacha ama forordaithe, na bearta is gá a dhéanamh chun iRCMS, RIAT agus an tairseach chumarsáide a chomhtháthú ina RECAMAS náisiúnta agus fógra a thabhairt don Choimisiún agus do Frontex faoin gcomhtháthú rathúil. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do Frontex na bearta is gá a dhéanamh chun an tairseach chumarsáide a chomhtháthú in IRMA agus fógra a thabhairt don Choimisiún dá réir sin. Ba cheart don Choimisiún tús oibríochtaí iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide sna Ballstáit lena mbaineann, agus a n-oibriú ag Frontex i gcás inarb infheidhme, a chinneadh ansin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ar bhonn dearbhuithe maidir le comhtháthú rathúil agus tástáil chuimsitheach. Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi na dátaí ábhartha arna gcinneadh amhlaidh, agus ba cheart na gníomhartha cur chun feidhme sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ba cheart do na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, do Frontex tosú ar

[12] Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 312, 7.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1860/oj).

[13] Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

iRCMS, RIAT agus an tairseach chumarsáide a úsáid ó na dátaí arna gcinneadh amhlaidh.

(35) Chun a RECAMAS náisiúnta a fhorbairt agus a fheabhsú, ba cheart go mbainfeadh na Ballstáit tairbhe as tacaíocht airgeadais ón Aontas i gcomhréir le [Rialachán .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tearmann, don imirce agus don lánpháirtíocht le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034]. Ba cheart forbairt agus cothabháil Frontex RECAMAS, iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide a mhaoiniú le buiséad an Aontais.

(36) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin, mar atá, feabhas a chur ar éifeachtúlacht an bhainistithe cásanna i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-lánpháirtithe trí uirlisí digitithe agus córais idir-inoibritheacha, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le feidhmiú éifeachtach an limistéir gan teorainneacha inmheánacha, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta chun cur chuige coiteann comhleanúnach a áirithiú i measc na mBallstát, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(37) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun ceanglais theicniúla agus oibríochtúla a shonrú maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach ghnéithe feidhmiúla RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT, chun na ceanglais theicniúla is gá a shonrú chun nascadh leis an tairseach chumarsáide, chun na ceanglais theicniúla is gá a shonrú maidir le taifeadadh in CRRS, chomh maith leis na cineálacha sonracha sonraí is gá chun sonraí maidir le stádas cásanna a thaifeadadh agus chun na formáidí le haghaidh cumarsáid tríd an tairseach chumarsáide a shonrú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14].

(38) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, ba cheart don Danmhairg a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

(39) [Tá Éire rannpháirteach sa Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Phrótacal Uimh. 19 atá i gceangal le CAE agus le CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal ... de Chinneadh .../... ón gComhairle *[Cinneadh ón gComhairle arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 19]* ] nó [Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Prótacal 19 maidir le acquis Schengen atá mar chuid de chreat an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal le CAE agus le CFAE agus, faoi réir chur i bhfeidhm Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

---

(14) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(40) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle[15].

(41) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[16].

(42) Maidir le Lichtinstéin, is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[17].

(43) Maidir leis an gCipir, is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le acquis Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003.

(44) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an […]

---

(15) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1999/437/oj).

(16) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/146/oj).

(17) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/350/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil 1
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha a bhaineann le bainistiú cásanna a dhigiteáil i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha, go háirithe rialacha maidir le córais dhigiteacha bainistithe cásanna, a bhforbairt, a n-oibriú agus freagrachtaí na n-údarás a oibríonn iad.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) Ciallaíonn ‘córais faisnéise AE’ na córais mhórscála TF dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (15), de Rialachán (AE) 2019/817 agus in Airteagal 4, pointe 15, de Rialachán (AE) 2019/818;

(2) ciallaíonn ‘córas láraithe’ córas ina bhfuil rialú, cinnteoireacht nó próiseáil sonraí comhchruinnithe in aon údarás lárnach amháin;

(3) ciallaíonn ‘córas cónaidhme’ córas ina gcoinníonn eintitis ar leithligh neamhspleáchas dlíthiúil agus oibríochtúil, agus iad ag comhoibriú faoi chreat coiteann, faoi phrótacal coiteann nó faoi thacar coiteann rialacha;

(4) ciallaíonn ‘náisiúnach tríú tír’ náisiúnach tríú tír mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1) de Rialachán (AE) 2026/2280;

(5) ciallaíonn ‘cinneadh um fhilleadh’ cinneadh um fhilleadh mar a shainmhínítear é in Airteagal 3, pointe (4), de Rialachán (AE) 2026/2280;

(6) ciallaíonn ‘údarás inniúil’ aon cheann de na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 41 de Rialachán (AE) 2026/2280;

(7) ciallaíonn ‘údarás inniúil tionscnaimh’ an t-údarás inniúil a thaifeadann na sonraí ina chóras náisiúnta bainistithe cásanna um fhilleadh (RECAMAS náisiúnta), i gcóras comhtháite bainistithe cásanna um athligean isteach an Aontais (iRCMS) nó i gcóras bainistithe cásanna um ath-imeascadh an Aontais (RIAT);

(8) ciallaíonn ‘cás’ an comhad digiteach arna chruthú in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS nó in RIAT a bhaineann le filleadh, athligean isteach agus, i gcás inarb infheidhme, ath-imeascadh náisiúnaigh tríú tír;

(9) ciallaíonn ‘ilchásanna’ dhá chás nó níos mó in dhá Bhallstát nó níos mó a bhaineann leis an náisiúnach tríú tír céanna;

(10) Ciallaíonn ‘cur chun feidhme tagartha TF’ réiteach TF aonair nó sraith réiteach TF atá in-athúsáidte, lena n-áirítear a ndoiciméadacht, arna bhforbairt chun tacú leis na Ballstáit maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo agus arna ndearadh lena gcur in oiriúint a thuilleadh ag na Ballstáit dá riachtanais oibríochtúla shonracha;

(11) ciallaíonn ‘córais TF ábhartha náisiúnta eile’ córais TF a thacaíonn go díreach nó go hindíreach le bainistiú cásanna in RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT, lena n-áirítear córais tearmainn, córais faisnéise a thacaíonn le húdaráis bhreithiúnacha, bunachair sonraí eachtrannacha, córais náisiúnta áirithinte eitiltí, córais faisnéise coiriúla, córais uathoibrithe um shainaithint méarlorg.

*Airteagal 3*

**Ailtireacht theicniúil**

1. Déanfar digiteáil an bhainistithe cásanna i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha a áirithiú trí na nithe seo a leanas a bhunú, a fheidhmiú agus a úsáid go héifeachtach:

   (a) córas náisiúnta bainistithe cásanna um fhilleadh, a fhéadfaidh a bheith láraithe nó cónasctha, i ngach Ballstát (‘RECAMAS náisiúnta’);

   (b) córas comhtháite bainistithe cásanna de chuid an Aontais um athligean isteach, arna chomhtháthú i ngach RECAMAS náisiúnta (‘iRCMS’);

   (c) córas bainistithe cásanna um ath-imeascadh de chuid an Aontais, arna chomhtháthú i ngach RECAMAS náisiúnta (‘RIAT’);

   (d) an Tairseach Chuardaigh Eorpach (‘ESP’) a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818;

   (e) an Lárstóras um Thuairisciú agus Staidreamh (‘CRRS’) a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818;

   (f) an tairseach chumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 14, lena bhforáiltear do bhonneagar cumarsáide mar bhealach cumarsáide slán idir na húdaráis a úsáideann na RECAMASanna náisiúnta éagsúla.

2. Forbróidh na Ballstáit a RECAMAS náisiúnta bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

   (a) doiciméad samplach agus sonraíochtaí arna bhforbairt ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (‘Frontex’) (‘Samhail RECAMAS’);

   (b) cur chun feidhme tagartha TF, déanta as roinnt modúil dhigiteacha, arna fhorbairt ag Frontex agus bunaithe ar Shamhail RECAMAS, a ghlacfaidh na Ballstáit agus a chuirfear in oiriúint a thuilleadh dá riachtanais oibríochtúla shonracha (‘RECAMAS Frontex’);

   (c) meascán de Shamhail RECAMAS agus modúil dhigiteacha shonracha de chuid RECAMAS Frontex, mar a shonraítear i Samhail RECAMAS.

*Airteagal 4*

**Na cuspóirí atá le bainistiú cásanna a dhigiteáil i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha**

Is iad seo a leanas na cuspóirí a bheidh le digiteáil an bhainistithe cásanna i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha:

(a) tacú le cur chun feidhme comhchóras de chuid an Aontais um fhilleadh i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2024/1349 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18] agus (AE) 2026/2280;

(b) tacú le húdaráis inniúla cinntí um fhilleadh a eisiúint agus a chur chun feidhme, i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2024/1349 agus (AE) 2026/2280;

(c) tacú le húdaráis inniúla athligean isteach a láimhseáil agus a chur chun feidhme, i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2024/1349 agus (AE) 2026/2280;

(d) tacú le húdaráis inniúla maidir le soláthar cúnaimh um ath-imeascadh a láimhseáil agus a chur chun feidhme, i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2024/1349, (AE) 2026/2280 agus (AE) .../... *[Rialachán EBCG]*;

(e) staidreamh iontaofa cruinn a sholáthar maidir le filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh, lena n-áirítear chun críoch faireacháin agus meastóireachta, chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas fianaisebhunaithe agus úsáid oibríochtúil, i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2024/1349 agus (AE) 2026/2280.

*Airteagal 5*

**Córais faisnéise AE**

Chun próiseáil na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 7 agus sainaithint ilchásanna a éascú, bainfidh gach údarás inniúil a úsáideann RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT úsáid as ESP chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise an Aontais i gcomhréir leis na hionstraimí dlí lena rialaítear na córais faisnéise sin de chuid an Aontais agus le Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818.

*Airteagal 6*

**Nasc le córais TF náisiúnta ábhartha eile**

Chun críocha an RECAMAS náisiúnta a nascadh le córais TF ábhartha náisiúnta eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit an chomhoiriúnacht theicniúil idir an RECAMAS náisiúnta agus na córais sin i dtaobh sonraí a tharchur go pras, go slán agus go héifeachtach chuig na córais sin agus uathu.

# Caibidil 2
# CÓRAIS BAINISTITHE CÁSANNA

*Airteagal 7*

**Sonraí a thaifeadadh in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS agus in RIAT**

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla taifead, i gcás ina mbeidh fáil orthu, in RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus in RIAT ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 36(6) de Rialachán (AE) 2026/2280 atá leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun comhlíonadh Rialacháin (AE) 2024/1349, (AE) 2026/2280 agus (AE) .../... *[Rialachán EBCG]* a áirithiú.

[18] Rialachán (AE) 2024/1349 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear an nós imeachta teorann um fhilleadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1148, (IO L, 2024/1349, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1349/oj).

2. Faoi réir comhaontú ó údarás inniúil, déanfaidh Frontex taifead, i gcás ina mbeidh fáil air, in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS agus in RIAT ar na sonraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i bhfeidhmiú a chumhachtaí agus i gcomhlíonadh a chúraimí i gcomhréir le Roinn[8] de Rialachán (AE) .../... *[Rialachán EBCG]*.

3. Beidh gach údarás inniúil, agus, i gcás inarb infheidhme, Frontex, freagrach as a áirithiú go mbeidh na sonraí a thaifeadann sé in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS agus in RIAT cruinn agus cothrom le dáta.

4. In RIAT, féadfaidh Frontex, agus clár cúnaimh um ath-imeascadh de chuid an Aontais á chur chun feidhme aige, an ceart a dheonú do thríú páirtithe atá inniúil ar chúnamh um ath-imeascadh sonraí a bhaineann le hath-imeascadh a thaifeadadh dá dtagraítear in Airteagal 36(6) de Rialachán (AE) 2026/2280. Beidh tríú páirtithe atá inniúil ar chúnamh um ath-imeascadh freagrach as a áirithiú go bhfuil na sonraí a thaifeadann siad in RIAT cruinn agus cothrom le dáta.

*Airteagal 8*

**Ceadú sonraí arna dtaifeadadh in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS, agus in RIAT**

1. I gcás gach údaráis inniúil tionscnaimh, ní fhéadfaidh sé a cheadú in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS agus in RIAT ach na sonraí arna dtaifeadadh aige féin.

2. Faoi réir chomhaontú an údaráis inniúil tionscnaimh, féadfaidh Frontex na sonraí arna dtaifeadadh in RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus in RIAT a cheadú i bhfeidhmiú a chumhachtaí agus i gcomhlíonadh a chúraimí i gcomhréir le Roinn[8] de Rialachán (AE) .../... *[Rialachán EBCG]*.

3. I gcás ina bhfuil náisiúnach tríú tír faoi réir níos mó ná cás amháin, déanfaidh an t-údarás inniúil tionscnaimh eile lena mbaineann, arna iarraidh sin dá dtagraítear in Airteagal 36(3) de Rialachán (AE) 2026/2280, na sonraí taifeadta maidir leis an náisiúnach tríú tír sin a sholáthar d'aon údarás inniúil tionscnaimh eile lena mbaineann. I gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le hAirteagal 36(3) de Rialachán (AE) 2026/2280, déanfar na sonraí sin a mhalartú tríd an tairseach chumarsáide.

4. In RIAT, féadfaidh Frontex, agus clár cúnaimh um ath-imeascadh de chuid an Aontais á chur chun feidhme aige, an ceart a dheonú do thríú páirtithe atá inniúil ar chúnamh um ath-imeascadh sonraí a bhaineann le hath-imeascadh a thaifeadadh dá dtagraítear in Airteagal 36(6) de Rialachán (AE) 2026/2280.

*Airteagal 9*

**Ceartú agus léirscriosadh sonraí arna dtaifeadadh in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS agus in RIAT**

1. Déanfaidh gach údarás inniúil tionscnaimh nó Frontex aon sonraí míchruinne, sonraí neamhiomlána nó sonraí arna dtaifeadadh go neamhdhleathach a thaifead sé in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS nó in RIAT a cheartú nó a léirscriosadh gan mhoill. Ní bheidh ach an t-údarás inniúil tionscnaimh nó Frontex a thaifead na sonraí sin údaraithe chun iad a cheartú nó a léirscriosadh.

2. Má tá faisnéis ag údarás inniúil lena dtugtar le tuiscint go bhfuil na sonraí arna dtaifeadadh in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS agus in RIAT míchruinn, neamhiomlán nó taifeadta go neamhdhleathach, cuirfidh sé an t-údarás inniúil tionscnaimh nó, i gcás inarb infheidhme, Frontex ar an eolas tríd an tairseach chumarsáide a luaithe is féidir.

3. Má tá faisnéis ag Frontex lena dtugtar le tuiscint go bhfuil sonraí arna dtaifeadadh in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS agus in RIAT ag údarás inniúil tionscnaimh míchruinn, neamhiomlán nó taifeadta go neamhdhleathach, cuirfidh sé an t-údarás inniúil tionscnaimh ar an eolas tríd an tairseach chumarsáide a luaithe is féidir.

4. Déanfaidh tríú páirtithe atá inniúil ar chúnamh um ath-imeascadh aon sonraí míchruinne, sonraí neamhiomlána nó sonraí arna dtaifeadadh go neamhdhleathach a thaifead siad in RIAT a cheartú nó a léirscriosadh gan mhoill. Má tá faisnéis ag tríú páirtí atá inniúil ar chúnamh um ath-imeascadh lena dtugtar le tuiscint go bhfuil na sonraí arna dtaifeadadh in RIAT míchruinn, neamhiomlán nó taifeadta go neamhdhleathach, cuirfidh sé Frontex ar an eolas a luaithe is féidir.

*Airteagal 10*

**Gnéithe feidhmiúla de RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT**

1. Déanfar foráil le RECAMAS Náisiúnta, iRCMS agus RIAT maidir leis na gnéithe feidhmiúla seo a leanas:

   (a) aitheantóir aonair a eisiúint a leithdháiltear do gach náisiúnach tríú tír a n-osclaítear cás ina leith a mhéid a bhaineann le filleadh, le hathligean isteach agus, i gcás inarb infheidhme, le hath-imeascadh;

   (b) an fhéidearthacht cruthú cáis a uathoibriú nuair a thagann deireadh le fanacht dlíthiúil náisiúnaigh tríú tír;

   (c) ilchásanna a shainaithint tríd an gcuardach i gcórais faisnéise AE i gcomhréir leis na cearta rochtana comhfhreagracha agus trí iRCMS agus RIAT;

   (d) go bhféadfar na sonraí is gá dá dtagraítear in Airteagal 7 a aisghabháil go huathoibríoch idir RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT;

   (e) an fhéidearthacht rochtain a fháil ar na sonraí atá sna foláirimh maidir le filleadh dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/1860 agus san Ordú Eorpach um Fhilleadh dá dtagraítear in Airteagal 5(13) de Rialachán (AE) 2026/2280;

   (f) an fhéidearthacht rochtain a fháil ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 27(4) agus Airteagal 28(4) de Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19];

   (g) an fhéidearthacht RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT a shaincheapadh chun na córais a oiriúnú do shreafaí oibre nós imeachta agus do sprioc-amanna gaolmhara is infheidhme faoi cheanglais dhlíthiúla agus riaracháin;

   (h) an fhéidearthacht faireachán a dhéanamh ar na sprioc-amanna is infheidhme agus cásanna a chur in ord tosaíochta;

[19] Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 14 Bealtaine 2024 maidir le bunú ‘Eurodac’ chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile chun Rialacháin (AE) 2024/1351 agus (AE) 2024/1350 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus chun náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint, agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ( IO L, 2024/1358, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1358/oj).

(i) an fhéidearthacht a bheith ag údaráis inniúla agus náisiúnaigh tríú tír cumarsáid a dhéanamh agus doiciméid a mhalartú ar bhealach slán trí mhodhanna digiteacha, lena n-áirítear an úsáid a bhaineann náisiúnaigh tríú tír as feidhmchlár móibíleach tiomnaithe;

(j) an fhéidearthacht na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 7 a mhalartú ar bhealach slán tríd an tairseach chumarsáide idir údaráis inniúla agus idir údaráis inniúla agus Frontex;

(k) rochtain ar ábhar oiliúna ábhartha náisiúnta agus ábhar oiliúna ábhartha Frontex agus eu-LISA maidir le filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh agus maidir le húsáid RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT;

(l) an fhéidearthacht stádas amháin nó roinnt stádas a shannadh do gach cás, a chomhfhreagraíonn don chéim agus don chineál nós imeachta ('stádas cáis'), lena n-áirítear an fhéidearthacht stádas an cháis a thabhairt cothrom le dáta i gcás ina ndéanfar an cinneadh um fhilleadh a neamhniú nó a chur ar fionraí;

(m) an fhéidearthacht forléargas agus miondealú a fháil ar na cásanna uile, go háirithe de réir an tríú tír agus an stádais cáis;

(n) an fhéidearthacht an fhaisnéis ábhartha a tharchur chuig córais faisnéise lena dtacaítear le hobair na n-údarás breithiúnach;

(o) an fhéidearthacht cruthú tuarascálacha sonraí a uathoibriú, ar tuarascálacha iad atá ábhartha do tháirgeadh staidrimh dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2026/2280 agus in Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20];

(p) anailís thuarthach chun teacht roimh luaineachtaí i dtaobh líon na gcásanna, bunaithe ar shonraí staidrimh comhiomlánaithe nó anaithnidithe atá ann faoi láthair agus a bhí ann roimhe seo;

(q) an fhéidearthacht oibríochtaí um fhilleadh a eagrú trí chóras áirithinte eitilte amháin nó níos mó.

2. Leagfar amach i Samhail RECAMAS mionsonraí na ngnéithe feidhmiúla dá dtagraítear i mír 1.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na ceanglais theicniúla agus oibríochtúla is gá chun na gnéithe feidhmiúla a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

*Airteagal 11*

**Gnéithe feidhmiúla de RECAMAS náisiúnta**

1. Déanfar foráil le RECAMAS Náisiúnta maidir leis na gnéithe feidhmiúla seo a leanas:

[20] Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 311/76 ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le hoibrithe ón gcoigríoch a thiomsú (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE) (IO L 199, 31.7.2007, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/862/oj).

(a) tacaíocht theicniúil chun clárú náisiúnach tríú tír a bhainistiú;

(b) tacaíocht theicniúil chun seiceálacha agus fíoruithe tosaigh a bhainistiú, lena n-áirítear seiceálacha leochaileachta;

(c) tacaíocht theicniúil chun bainistiú a dhéanamh ar shainaithint agus ar dheimhniú céannachta agus náisiúntachta náisiúnach tríú tír;

(d) rochtain ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21];

(e) tacaíocht i dtaobh cinntí um fhilleadh agus orduithe aistrithe a ullmhú, a eisiúint agus fógra a thabhairt ina leith;

(f) an fhéidearthacht cruthú agus nuashonrú an Ordaithe Eorpaigh um Fhilleadh i gCóras Faisnéise Schengen a uathoibriú, i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861 agus (AE) 2026/2280;

(g) an fhéidearthacht cruthú agus nuashonrú foláireamh maidir le filleadh agus diúltú cead isteach agus fanachta i gCóras Faisnéise Schengen a uathoibriú, i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2018/1860 agus (AE) 2018/1861;

(h) bainistiú na mbeart chun éalú, coinneáil agus roghanna malartacha ar choinneáil dá dtagraítear i gCaibidlí III, IV agus VI de Rialachán (AE) 2026/2280 a chosc;

(i) an fhéidearthacht cás a aistriú ón nós imeachta teorann um fhilleadh is infheidhme faoi Rialachán (AE) 2024/1349 chuig an nós imeachta um fhilleadh is infheidhme faoi Rialachán (AE) 2026/2280.

2. Leagfar amach i Samhail RECAMAS mionsonraí na ngnéithe feidhmiúla dá dtagraítear i mír 1.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na ceanglais theicniúla agus oibríochtúla is gá chun na gnéithe feidhmiúla a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

*Airteagal 12*

**Gnéithe feidhmiúla iRCMS**

1. déanfar foráil le iRCMS maidir leis na gnéithe feidhmiúla seo a leanas:

(a) an fhéidearthacht uathoibriú a dhéanamh ar thionscnamh an athligin isteach tar éis eisiúint cinnidh in-fhorfheidhmithe um fhilleadh;

(b) an fhéidearthacht uathoibriú a dhéanamh ar chruthú iarratais ar athligean isteach;

[21] Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008 agus (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2226/oj).

(c) an fhéidearthacht na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 37, 38 agus 39 de Rialachán (AE) 2026/2280 a chur in iúl agus a mhalartú go slán le húdaráis inniúla tríú tíortha, lena n-áirítear tríd an nasc le córas digiteach tríú tír agus teachtaireachtaí slána díreacha agus lena n-áirítear an fhéidearthacht agallaimh sainaitheantais a eagrú agus a dhéanamh trí iRCMS;

(d) an fhéidearthacht cásanna a bhainistiú ar bhonn ionstraimí náisiúnta um athligean isteach nó ar chleachtais bhunaithe náisiúnta agus ar ionstraimí um athligean isteach nó cleachtais bhunaithe de chuid an Aontais;

(e) an fhéidearthacht toradh an fhíoraithe náisiúntachta agus shuí na céannachta a fháil ó údaráis inniúla tríú tíortha;

(f) an fhéidearthacht doiciméid taistil éigeandála a fháil agus a phriontáil;

(g) an fhéidearthacht eitiltí a chur in áirithe agus a bhainistiú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh tríd an bhféidearthacht cumarsáid a dhéanamh le tríú páirtithe atá inniúil ar chúraimí eile a bhaineann leis an bhfilleadh a chur chun feidhme.

2. Leagfar amach i Samhail RECAMAS mionsonraí na ngnéithe feidhmiúla dá dtagraítear i mír 1.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na ceanglais theicniúla agus oibríochtúla is gá chun na gnéithe feidhmiúla a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

*Airteagal 13*

**Gnéithe feidhmiúla RIAT**

1. Déanfar foráil le RIAT maidir leis na gnéithe feidhmiúla seo a leanas:

(a) rochtain ar fhaisnéis ábhartha maidir le tríú tíortha ina soláthrófar an cúnamh um ath-imeascadh, lena n-áirítear faisnéis maidir le hábhar an chúnaimh um ath-imeascadh atá ar fáil;

(b) an fhéidearthacht a bheith ag údarás inniúil tionscnaimh, agus clár náisiúnta um chúnamh um ath-imeascadh á chur chun feidhme aige, agus ag Frontex, agus clár um chúnamh um ath-imeascadh de chuid an Aontais á chur chun feidhme aige, an ceart a dheonú do thríú páirtithe atá inniúil ar chúnamh um ath-imeascadh sonraí a bhaineann le hath-imeascadh dá dtagraítear in Airteagal 7 a thaifeadadh, a cheadú, a cheartú agus a scriosadh, i gcomhréir le hAirteagal 7(4), Airteagal 8(4) agus Airteagal 9(4);

(c) an fhéidearthacht a bheith ag údarás inniúil cumarsáid a dhéanamh le tríú páirtithe atá inniúil ar chúnamh um ath-imeascadh a sholáthar i gcásanna aonair;

(d) an fhéidearthacht eitiltí a chur in áirithe agus a bhainistiú, lena n-áirítear tríd an bhféidearthacht cumarsáid a dhéanamh le tríú páirtithe atá inniúil ar chúraimí eile a bhaineann leis an bhfilleadh a chur chun feidhme;

(e) an fhéidearthacht cúnamh um ath-imeascadh a chur chun feidhme, faireachán a dhéanamh air agus é a bhainistiú ó thaobh airgeadais de, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí ídiú buiséid na gclár cúnaimh um ath-imeascadh a rianú;

(f) an fhéidearthacht forbhreathnú a bheith ann ar an gcúnamh um ath-imeascadh arna sholáthar do náisiúnaigh shonracha tríú tír, lena gcumhdaítear cláir chúnaimh an Aontais agus cláir chúnaimh náisiúnta um ath-imeascadh araon, bunaithe ar na sonraí arna n-iontráil ag na Ballstáit agus ag Frontex;

(g) an fhéidearthacht cásanna ó chláir chúnaimh um ath-imeascadh an Aontais agus ó chláir chúnaimh náisiúnta um ath-imeascadh a bhainistiú;

(h) an fhéidearthacht staidreamh a chruthú maidir le hath-imeascadh, lena n-áirítear é a chruthú chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an chúnaimh um ath-imeascadh;

(i) an fhéidearthacht tarchur amach chuig cláir chúnaimh bhreise um ath-imeascadh agus scéimeanna náisiúnta um ath-imeascadh de chuid tríú tíortha a bhainistiú;

(j) an fhéidearthacht seiceálacha dearbhaithe cáilíochta a dhéanamh ar chásanna cúnaimh um ath-imeascadh, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar phleananna um ath-imeascadh, faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí leantacha, agus rianta formheasa agus iniúchóireachta a thaifeadadh;

(k) an fhéidearthacht faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht tríú páirtithe atá inniúil ar chúnamh um ath-imeascadh, lena n-áirítear táscairí a bhaineann le freagrúlacht, cur chun feidhme pleananna um ath-imeascadh, cásanna a thabhairt chun críche, agus ionsú na tacaíochta airgeadais atá ar fáil;

(l) an fhéidearthacht gearáin agus teagmhais a bhaineann le soláthar cúnaimh um ath-imeascadh a thaifeadadh agus a bhainistiú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí feabhais a rianú agus rialú rochtana agus inrianaitheacht iomchuí a áirithiú.

2. Leagfar amach i Samhail RECAMAS mionsonraí na ngnéithe feidhmiúla dá dtagraítear i mír 1.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na ceanglais theicniúla agus oibríochtúla is gá chun na gnéithe feidhmiúla a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

*Airteagal 14*

**Tairseach chumarsáide**

1. Bunófar an tairseach chumarsáide chun comhroinnt na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2026/2280 a éascú, gan difear a dhéanamh dá úsáid chun críoch eile dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais.

2. Déanfar an tairseach chumarsáide a chomhtháthú i ngach RECAMAS náisiúnta agus san ardán comhtháite um bainistiú ar fhilleadh (‘IRMA’) dá dtagraítear in Airteagal [57] de Rialachán (AE) .../... *[Rialachán EBCG]*.

3. I ngach údarás inniúil, beidh rochtain ag pointe teagmhála aonair ar an tairseach chumarsáide. Beidh pointí teagmhála aonair inniúil chun malartú sonraí a chomhordú agus a éascú i gcomhréir le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) 2026/2280.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear na ceanglais theicniúla is gá chun an tairseach chumarsáide a chomhtháthú in RECAMAS náisiúnta na mBallstát. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a

ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

# Caibidil 3
# FORBAIRT, OIBRÍOCHT AGUS FREAGRACHTAÍ

*Airteagal 15*

**Forbairtí agus éabhlóidí teicniúla**

1. Beidh Frontex freagrach as samhail RECAMAS a fhorbairt, agus as éabhlóidí uirthi, i gcomhréir le hAirteagal [55] de Rialachán (AE) .../... *[Rialachán EBCG]*.

2. Beidh Frontex freagrach as RECAMAS Frontex, iRCMS agus RIAT a fhorbairt, lena n-áirítear a ndearadh, agus as éabhlóidí teicniúla, i gcomhréir le hAirteagal [55] de Rialachán (AE) .../... *[Rialachán EBCG]*, le tacaíocht ó eu-LISA.

3. Beidh na Ballstáit freagrach as RECAMASanna náisiúnta a fhorbairt, lena n-áirítear a ndearadh, agus as éabhlóidí teicniúla orthu. Beidh na Ballstáit freagrach as iRCMS agus RIAT a chomhtháthú ina RECAMAS náisiúnta le tacaíocht ó Frontex, i gcomhréir le hAirteagal [55] de Rialachán (AE) .../... *[Rialachán EBCG]*. I gcás inarb infheidhme, beidh na Ballstáit freagrach as RECAMAS Frontex nó cuid dá mhodúil a chomhtháthú agus a shaincheapadh.

4. Beidh eu-LISA freagrach as forbairt na tairsí cumarsáide, lena n-áirítear a dearadh, agus as éabhlóidí teicniúla uirthi. Beidh na Ballstáit freagrach as an tairseach chumarsáide a chomhtháthú ina RECAMAS náisiúnta, le tacaíocht ó eu-LISA.

5. Beidh Frontex, eu-LISA agus na Ballstáit ag oibriú i gcomhar le chéile agus déanfaidh siad comhordú ar a gcuid oibre.

6. Cuirfear san áireamh sna forbairtí teicniúla aon réiteach ábhartha um Eoraip Idir-inoibritheach, dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(22)].

*Airteagal 16*

**Bord Bainistíochta an Chláir**

1. Le linn chéim forbartha Shamhail RECAMAS, RECAMAS Frontex, iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide, bunófar Bord Bainistíochta Cláir ar a mbeidh 10 gcomhalta. Is é a bheidh ina chomhdhéanamh:

   (a) triúr comhaltaí arna gceapadh ag Bord Bainistíochta Frontex as measc a chomhaltaí nó comhaltaí malartacha;

   (b) triúr comhaltaí arna gceapadh ag Bord Bainistíochta eu-LISA as measc a chomhaltaí nó comhaltaí malartacha;

   (c) comhalta a dhéanfaidh ionadaíocht do eu-LISA arna cheapadh ag a Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

   (d) comhalta a dhéanfaidh ionadaíocht do Frontex arna cheapadh ag a Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

[(22)] Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) (IO L, 2024/903, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/903/oj).

(e) beirt chomhaltaí arna gceapadh ag an gCoimisiún.

Le linn na céime forbartha, tiocfaidh Bord Bainistíochta an Chláir le chéile go rialta agus sé huaire sa bhliain ar a laghad go dtí go gcuirfear tús le hoibríochtaí gach RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide. Áiritheoidh sé go ndéanfar bainistiú agus comhordú leordhóthanach ar chéim forbartha Shamhail RECAMAS, RECAMAS Frontex, iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide. Cuirfidh Bord Bainistíochta an Chláir tuarascálacha i scríbhinn faoi bhráid Frontex agus Bhoird Bhainistíochta eu-LISA gach mí maidir le dul chun cinn an chláir.

2. Ó thús na n-oibríochtaí sna Ballstáit uile arna socrú i gcomhréir le hAirteagal 33, tiocfaidh Bord Bainistíochta an Chláir le chéile uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana. Áiritheoidh sé go ndéanfar bainistiú agus comhordú leordhóthanach ar éabhlóidí teicniúla Shamhail RECAMAS, RECAMAS Frontex, iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide.

3. Ní bheidh aon chumhacht chinnteoireachta ná aon sainordú ag Bord Bainistíochta an Chláir chun ionadaíocht a dhéanamh ar Frontex ná ar Bhoird Bainistíochta eu-LISA.

4. Bunóidh Bord Bainistíochta Frontex rialacha nós imeachta Bhord Bainistíochta an Chláir lena n-áireofar go háirithe rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) a chathaoirleacht;

(b) ionaid le haghaidh cruinnithe;

(c) cruinnithe a ullmhú;

(d) saineolaithe a ligean isteach ar chruinnithe;

(e) pleananna cumarsáide lena n-áiritheofar go mbeidh an fhaisnéis iomlán ag comhaltaí Bhord Bainistíochta EES nach mbeidh rannpháirteach.

5. Beidh cathaoirleacht Bhord Bainistíochta an Chláir ag Ballstát atá faoi cheangal go hiomlán faoi dhlí an Aontais ag na hionstraimí reachtacha lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid Chórais Faisnéise an Aontais. Beidh an cathaoirleach ar dhuine de na comhaltaí arna gceapadh ag Bord Bainistíochta Frontex dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a).

6. Íocfaidh Frontex as gach costas taistil agus cothabhála a thabhóidh comhaltaí Bhord Bainistíochta an Chláir arna gceapadh ag Bord Bainistíochta Frontex agus ag Stiúrthóir Feidhmiúcháin Frontex. Is é eu-LISA a íocfaidh as gach costas taistil agus cothabhála a thabhóidh comhaltaí Bhord Bainistíochta an Chláir a cheapfaidh Bord Bainistíochta eu-LISA agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA. Cuirfidh Frontex rúnaíocht ar fáil do Bhord Bainistíochta an Chláir.

7. Le linn na céime forbartha, tiocfaidh an Grúpa Comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 35 le chéile go rialta, agus sé huaire sa bhliain ar a laghad, go dtí go gcuirfear tús le hoibríochtaí gach RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide. Tuairisceoidh sé do Bhord Bainistíochta an Chláir tar éis gach cruinnithe. Soláthróidh sé an saineolas teicniúil chun tacú le cúraimí Bhord Bainistíochta an Chláir agus déanfaidh sé obair leantach ar staid ullmhúcháin Frontex, na mBallstát agus eu-LISA.

*Airteagal 17*

**Bainistiú oibríochtúil**

1. Beidh Frontex freagrach as bainistiú oibríochtúil iRCMS agus RIAT.

2. I gcás ina ndéantar foráil i socrú oibre arna thabhairt i gcrích ag Frontex le húdarás inniúil tríú tír i gcomhréir le hAirteagal [88] de Rialachán (AE) .../... *[Rialachán EBCG]* maidir le malartú digiteach na sonraí is gá chun críche athligean isteach i gcomhréir le hAirteagail 37, 38 agus 39 de Rialachán (AE) 2026/2280, déanfaidh Frontex, arna iarraidh sin don Choimisiún, na bearta is gá chun nasc slán a bhunú agus a choinneáil ar bun idir iRCMS agus córas digiteach ábhartha an tríú tír sin chun malartuithe den sórt sin a éascú. Ní mhalartófar ach na sonraí sin atá fíor-riachtanach don nós imeachta um athligean isteach is infheidhme idir an Ballstát lena mbaineann agus an tríú tír. Ní bheidh rochtain ag an tríú tír ar iRCMS ná ar aon sonraí seachas na sonraí sin a mhalartaítear i ndáil le cás aonair um athligean isteach.

3. Beidh na Ballstáit freagrach as bainistiú oibríochtúil RECAMAS náisiúnta.

4. Is é eu-LISA a bheidh freagrach as bainistiú oibríochtúil na tairsí cumarsáide.

5. Is éard a bheidh sa bhainistiú oibríochtúil na cúraimí go léir is gá chun a áirithiú go mbeidh RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus an tairseach chumarsáide ar fáil gan bhriseadh, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

6. Áiritheoidh Frontex, eu-LISA agus na Ballstáit go n-úsáidfear an teicneolaíocht is fearr dá bhfuil ar fáil i gcónaí, faoi réir anailís costas agus sochar, le haghaidh RECAMAS náisiúnta, RECAMAS Frontex, iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide.

*Airteagal 18*

**Slándáil sonraí**

1. Áiritheoidh Frontex slándáil iRCMS agus RIAT. Áiritheoidh na Ballstáit slándáil na RECAMASanna náisiúnta. Áiritheoidh eu-LISA slándáil na tairsí cumarsáide. Go háirithe, déanfaidh Frontex, eu-LISA agus na Ballstáit an méid seo a leanas:

   (a) sonraí a chosaint go fisiciúil, lena n-áirítear trí phleananna teagmhasacha a dhéanamh chun bonneagar criticiúil a chosaint;

   (b) rochtain a dhiúltú do dhaoine neamhúdaraithe ar threalamh próiseála sonraí agus ar shuiteálacha náisiúnta ina ndéanann an Ballstát oibríochtaí i gcomhréir le cuspóirí RECAMAS náisiúnta, RIAT, iRCMS nó na tairsí cumarsáide (trealamh, rialú rochtana agus seiceálacha ar an mbealach isteach chuig an tsuiteáil);

   (c) léamh, cóipeáil, athrú nó tógáil neamhúdaraithe na meán sonraí a chosc (rialú meáin sonraí);

   (d) ionchur neamhúdaraithe sonraí agus iniúchadh, modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta stóráilte a chosc (rialú stórála);

   (e) cosc a chur ar dhaoine neamhúdaraithe a bhfuil trealamh cumarsáide sonraí á úsáid acu úsáid a bhaint as uathchórais phróiseála (rialú úsáideoirí);

   (f) próiseáil neamhúdaraithe sonraí in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS, in RIAT agus sa tairseach chumarsáide agus aon mhodhnú nó léirscriosadh neamhúdaraithe sonraí a chosc (rialú iontrála sonraí);

   (g) a áirithiú, maidir leis na daoine atá údaraithe chun rochtain a fháil ar RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus an tairseach chumarsáide, nach

mbeidh rochtain acu ach ar na sonraí sin atá cumhdaithe faoina n-údarú rochtana, trí mheán aitheantais úsáideora indibhidiúla uathúla agus modhanna rochtana rúnda amháin a úsáid (rialú rochtana sonraí);

(h) a áirithiú, i gcás na n-údarás uile a bhfuil ceart rochtana acu ar RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus ar an tairseach chumarsáide, go gcruthóidh siad próifílí lena dtugtar tuairisc ar fheidhmeanna agus ar fhreagrachtaí na ndaoine atá údaraithe chun na sonraí a rochtain, a iontráil, a nuashonrú, a léirscriosadh agus a chuardach (próifílí pearsanra);

(i) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuí cé na comhlachtaí ar féidir sonraí pearsanta a tharchur chucu agus trealamh cumarsáide sonraí á úsáid chuige sin (rialú cumarsáide);

(j) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuí cé na sonraí a próiseáladh in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS, in RIAT agus sa tairseach chumarsáide, cá huair a próiseáladh iad, cé a rinne an phróiseáil sin agus cad chuige a ndearnadh í (rialú ar thaifeadadh sonraí);

(k) cosc a chur ar léamh, ar chóipeáil, ar mhodhnú nó ar scriosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta á dtarchur chuig RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus an tairseach chumarsáide nó uathu, nó le linn do na meáin ar a bhfuil sonraí stóráilte a bheith á n-iompar, go háirithe trí bhíthin teicnící criptithe iomchuí (rialú iompair);

(l) a áirithiú go bhféadfar córais shuiteáilte a aischur i gcás ina dtarlóidh briseadh (athshlánú);

(m) a áirithiú go gcomhlíonfaidh RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus an tairseach chumarsáide a bhfeidhmeanna, go dtuairisceofar fabhtanna sna feidhmeanna nuair a thiocfaidh siad chun solais (iontaofacht) agus nach féidir sonraí pearsanta stóráilte a thruailliú trí bhíthin mhífheidhmiú an chórais (sláine);

(n) faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart slándála dá dtagraítear sa mhír seo agus na bearta eagrúcháin is gá a dhéanamh maidir le faireachán inmheánach chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo (féin-iniúchóireacht) agus chun aon imeachtaí ábhartha a thagann chun cinn i gcur i bhfeidhm beart a liostaítear i bpointí (b) go (k) a d'fhéadfadh teagmhas slándála a léiriú a bhrath go huathoibríoch laistigh de 24 uair an chloig.

2. Comhoibreoidh Frontex, eu-LISA agus na Ballstáit le chéile laistigh de Bhord Bainistíochta an Chláir agus den Ghrúpa Comhairleach chun cur chuige comhleanúnach maidir le slándáil sonraí a áirithiú bunaithe ar phróiseas bainistithe riosca slándála.

*Airteagal 19*

**Logaí a choinneáil**

1. Déanfar gach oibríocht próiseála sonraí in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS, in RIAT agus sa tairseach chumarsáide a logáil chun a sheiceáil an go dleathach a dhéantar na hoibríochtaí próiseála sin, chun feidhmiú cuí na gcóras sin a áirithiú, chun féinfhaireachán a dhéanamh agus chun sláine agus slándáil sonraí a áirithiú.

2. Léireoidh an loga an méid seo a leanas:

(a) cuspóir na hoibríochta próiseála;

(b) na sonraí a próiseáladh;

(c) dáta agus am na hoibríochta próiseála;

(d) ainm an eintitis agus an duine fhreagraigh a phróiseáil na sonraí.

3. Ní úsáidfear na logaí ach amháin chun na críche dá dtagraítear i mír 1 agus scriosfar iad 3 bliana tar éis a gcruthaithe.

4. Féadfar logaí a choinneáil níos faide ná na tréimhsí dá dtagraítear i mír 3 má tá gá leo le haghaidh nósanna imeachta faireacháin agus/nó maoirseachta atá ar siúl cheana féin.

5. Beidh rochtain ag gach údarás inniúil ar na logaí a bhaineann leis na sonraí a thaifead sé.

6. Chun críocha féinfhaireacháin agus chun feidhmiú cuí, sláine sonraí agus slándáil sonraí iRCMS agus RIAT a áirithiú, beidh rochtain ag Frontex ar na logaí comhfhreagracha.

7. Chun críocha féinfhaireacháin agus chun feidhmiú cuí, sláine sonraí agus slándáil sonraí na tairsí cumarsáide a áirithiú, beidh rochtain ag eu-LISA ar na logaí comhfhreagracha.

8. Beidh rochtain ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta um chosaint sonraí agus ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar na logaí arna iarraidh sin, a mhéid is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh.

*Airteagal 20*

**Tréimhse choinneála le haghaidh sonraí a stóráil**

1. I gcás inar deimhníodh filleadh i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/1860, déanfar na sonraí arna dtaifeadadh in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS agus in RIAT a stóráil ar feadh 10 mbliana ó dháta an deimhnithe um fhilleadh. Nuair a dhéantar cinneadh um fhilleadh a neamhniú nó a tharraingt siar, scriosfar na sonraí comhfhreagracha láithreach.

2. I gcás ina mbeidh toirmeasc ar theacht isteach ag gabháil le cinneadh um fhilleadh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2026/2280, déanfar na sonraí a thaifeadtar in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS agus in RIAT a stóráil fad a bheidh an toirmeasc sin ar theacht isteach i bhfeidhm nó ar feadh na tréimhse dá dtagraítear i mír 1, cibé acu is faide.

3. Ar dhul in éag don tréimhse stórála sonraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, scriosfar na sonraí go huathoibríoch ó RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT.

4. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear do na rialacha sonracha is infheidhme maidir le Frontex i gcomhréir le hAirteagal [110] de Rialachán (AE) .../... *[Rialachán EBCG]*.

*Airteagal 21*

**Cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí**

Féadfaidh ábhair sonraí iarrataí ar fheidhmiú a gceart faoi na rialacha cosanta sonraí is infheidhme a dhíriú chuig Frontex, a tharchuirfidh an iarraidh tríd an tairseach chumarsáide chuig an rialaitheoir inniúil, i gcomhréir le hAirteagal 23.

*Airteagal 22*

**Staitisticí**

1. Déanfar na sonraí anaithnidithe dá dtagraítear in Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2026/2280 agus in Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007, chomh maith le sonraí anaithnidithe maidir le stádas cásanna, a thaifeadadh, ó RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT, sa CRRS ar bhealach uathoibrithe.

2. Beidh rochtain ag údaráis inniúla, ag Frontex, ag eu-LISA agus ag an gCoimisiún ar an staidreamh arna ghiniúint ag CRRS.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear na ceanglais theicniúla is gá i leith an taifeadta in CRSS, chomh maith leis na cineálacha sonracha sonraí is gá chun sonraí maidir le stádas cásanna a thaifeadadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

*Airteagal 23*

**Freagracht as próiseáil sonraí pearsanta**

1. I gcás RECAMAS náisiúnta, ainmneoidh gach Ballstát an t-údarás a mheasfar a bheith ina rialaitheoir i gcomhréir le hAirteagal 4, pointe (7), de Rialachán (AE) 2016/679 i ndáil le próiseáil na sonraí a thaifeadann sé sa chóras sin agus le haghaidh a bhainistithe oibríochtúil. Measfar Frontex a bheith ina phróiseálaí i gcomhréir le hAirteagal 3, pointe (12), de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le próiseáil sonraí a thaifeadann sé sa chóras sin.

2. I gcás iRCMS, measfar an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 1 i ngach Ballstát a bheith ina rialaitheoir i gcomhréir le hAirteagal 4, pointe (7), de Rialachán (AE) 2016/679 i ndáil le próiseáil sonraí a thaifeadann sé sa chóras sin. Measfar Frontex a bheith ina phróiseálaí i gcomhréir le hAirteagal 3, pointe (12), de Rialachán (AE) 2018/1725 i ndáil le próiseáil sonraí a thaifeadann sé in iRCMS agus maidir lena bhainistiú oibríochtúil.

3. I gcás RIAT, measfar an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 1 i ngach Ballstát a bheith ina rialaitheoir i gcomhréir le hAirteagal 4, pointe (7), de Rialachán (AE) 2016/679 i ndáil le próiseáil sonraí a thaifeadann sé sa chóras sin maidir le cásanna ó chláir náisiúnta cúnaimh um ath-imeascadh. Measfar gur rialaitheoirí comhpháirteacha iad na húdaráis arna n-ainmniú ag na Ballstáit agus ag Frontex i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2016/679 agus le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) 2018/1725, faoi seach, i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a thaifeadtar in RIAT le haghaidh cásanna a bhainistítear faoi chlár cúnaimh um ath-imeascadh de chuid an Aontais. Beidh freagrachtaí gach rialaitheora chomhpháirtigh teoranta do na sonraí a thaifeadann sé in RIAT. Measfar Frontex a bheith ina phróiseálaí i gcomhréir le hAirteagal 3, pointe (12), de Rialachán (AE) 2018/1725 i ndáil le próiseáil sonraí a thaifeadann sé maidir le cásanna ó chláir náisiúnta cúnaimh um ath-imeascadh a bhainistítear in RIAT agus maidir le bainistiú oibríochtúil RIAT.

4. Maidir leis an tairseach chumarsáide, measfar na húdaráis arna n-ainmniú ag na Ballstáit i gcomhréir le mír 1 agus Frontex a bheith ina rialaitheoirí comhpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2016/679 agus le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) 2018/1725, faoi seach, i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a mhalartaítear tríd an tairseach chumarsáide. Beidh freagrachtaí gach rialaitheora chomhpháirtigh teoranta do na sonraí a phróiseálann sé sa tairseach chumarsáide. Measfar eu-LISA a bheith ina phróiseálaí i gcomhréir le hAirteagal 3, pointe (12), de Rialachán (AE) 2018/1725 i ndáil le bainistiú oibríochtúil na tairsí cumarsáide.

*Airteagal 24*

**Oiliúint foirne**

1. Sula dtabharfar údarú dóibh sonraí arna stóráil in RECAMAS náisiúnta, in iRCMS, in RIAT agus sa tairseach chumarsáide a phróiseáil, agus go tréimhsiúil tar éis rochtain ar RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus ar an tairseach chumarsáide a bheith deonaithe, tabharfaidh baill foirne na n-údarás inniúil agus Frontex a bhfuil sé de cheart acu RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus an tairseach chumarsáide a rochtain faoi chúrsaí oiliúna iomchuí maidir le slándáil sonraí, maidir le cearta bunúsacha lena n-áirítear cosaint sonraí, agus maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta i leith próiseáil sonraí, lena n-áirítear bearta chun an cháilíocht sonraí a fheabhsú. Cuirfear na baill foirne ar an eolas faoi aon fhorálacha ábhartha maidir le cionta coiriúla agus pionóis, lena n-áirítear iad siúd dá bhforáiltear in Airteagal 26.
2. Soláthróidh na Ballstáit cúrsaí oiliúna dá mbaill foirne maidir le RECAMAS náisiúnta.
3. Cuirfidh Frontex cúrsaí oiliúna ar fáil dá fhoireann agus d'údaráis inniúla maidir le Frontex RECAMAS, iRCMS agus RIAT.
4. Soláthróidh eu-LISA cúrsaí oiliúna d'údaráis inniúla maidir le feidhmiú teicniúil na tairsí cumarsáide.

*Airteagal 25*

**Comhar idir na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta um chosaint sonraí agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

I gcomhréir le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) 2018/1725, comhoibreoidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus iad araon ag gníomhú laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí faoi seach, go gníomhach faoi chuimsiú a bhfreagrachtaí agus áiritheoidh siad, go háirithe, maoirseacht chomhordaithe ar an tairseach chumarsáide.

*Airteagal 26*

**Pionóis**

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

# Caibidil 4
# LEASUITHE AR GHNÍOMHARTHA DLÍ DE CHUID AN AONTAIS

*Airteagal 27*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1726**

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear isteach na míreanna 4c agus 4d seo a leanas:

‘4c. Beidh an Ghníomhaireacht freagrach as bealach cumarsáide slán idir údaráis imirce (‘an tairseach chumarsáide’) a fhorbairt, lena n-áirítear dearadh, bainistiú oibríochtúil agus éabhlóidí teicniúla, i gcomhréir le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23] *[an Rialachán seo]*.

4d. Beidh an Ghníomhaireacht freagrach as tacú leis an méid seo a leanas:

(a) an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bhforbairt, lena n-áirítear éabhlóidí teicniúla, cur chun feidhme tagartha córais bainistithe cásanna um fhilleadh (‘RECAMAS Frontex’), i gcomhréir le Rialachán (AE).../... *[an Rialachán seo];*

(b) an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bhforbairt, lena n-áirítear éabhlóidí teicniúla, córais chomhtháite bainistithe cásanna um athligean isteach de chuid an Aontais (‘iRCMS’) agus córais bainistithe cásanna um ath-imeascadh de chuid an Aontais (‘RIAT’), i gcomhréir le Rialachán (AE).../... *[an Rialachán seo]*.’;

(2) cuirtear na hAirteagail 8e agus 8f seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 8e*

**Cúraimí a bhaineann leis an tairseach chumarsáide**

I ndáil leis an tairseach chumarsáide, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

(a) na cúraimí a thugtar dó le hAirteagal 15(4) agus Airteagal 17(4) de Rialachán (AE).../... [an Rialachán seo];

(b) cúraimí a bhaineann le hoiliúint ar úsáid theicniúil na tairsí cumarsáide, lena n-áirítear ábhair oiliúna a sholáthar.

*Airteagal 8f*

**Cúraimí a bhaineann le RECAMAS Frontex, iRCMS agus RIAT**

I ndáil le RECAMAS Frontex, iRCMS agus RIAT, déanfaidh an Ghníomhaireacht na cúraimí a thugtar di le Rialachán (AE) .../... *[an Rialachán seo]*.’;

(3) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar na forbairtí i dtaighde is ábhartha do bhainistiú oibríochtúil SIS, VIS, Eurodac, EES, ETIAS, DubliNet, ECRIS-TCN, chóras e-CODEX, ardán comhoibrithe na JITanna, an tairseach chumarsáide agus córais mhórscála TF eile dá dtagraítear in Airteagal 1(5).';

(4) in Airteagal 19(1), an chéad fhomhír, cuirtear isteach an pointe (qq) seo a leanas:

[23] Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [teideal iomlán an Rialacháin seo].

‘(qq) na tuarascálacha a ghlacadh maidir le forbairt agus gníomhaíochtaí na tairsí cumarsáide de bhun Airteagal 37(2) de Rialachán (AE) .../... *[an Rialachán seo]*.’.

*Airteagal 28*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1860**

I Rialachán (AE) 2018/1860, cuirtear an tAirteagal 17a seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 17a*

**Sonraí atá i bhfoláirimh maidir le filleadh a choinneáil i gcórais náisiúnta bainistithe cásanna chun críocha Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *[an Rialachán seo]***

1. De mhaolú ar Airteagal 41(2) de Rialachán (AE) 2018/1861, tar éis amas ar fholáireamh maidir le filleadh arna iontráil ag Ballstát eile de bhun Airteagal 3, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit fhorghníomhaithigh na sonraí atá san fholáireamh sin a choimeád ina RECAMAS náisiúnta a bunaíodh de bhun Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] *[an Rialachán seo]* a mhéid is gá chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) .../... *[an Rialachán seo]*.

2. I gcás ina ndearna an Ballstát eisiúna an foláireamh a mhodhnú i gcomhréir le hAirteagal 44(2) de Rialachán (AE) 2018/1861, tabharfaidh an Ballstát forghníomhaitheach na sonraí sin cothrom le dáta ina RECAMAS náisiúnta a bunaíodh de bhun Rialachán (AE) …/… *[an Rialachán seo]* dá réir sin.

3. De mhaolú ar Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1861, déanfar na sonraí a choimeádtar de bhun mhír 1 a stóráil agus a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 20(1) go (3) de Rialachán (AE) .../... *[an Rialachán seo]*.

4. Beidh feidhm ag Airteagal 15 maidir le sonraí a choimeádtar de bhun mhír 1 a aistriú nó a chur ar fáil.’.

*Airteagal 29*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/817**

I Rialachán (AE) 2019/817, cuirtear an tAirteagal 48a seo a leanas leis:

‘*Airteagal 48a*

**Tairseach chumarsáide**

1. Déanfar an chumarsáid idir údaráis na mBallstát agus idir na húdaráis sin le Láraonad ETIAS a cheanglaítear faoin Rialachán seo tríd an tairseach chumarsáide arna bunú faoi Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25] *[an Rialachán seo]* chun na gcríoch seo a leanas:

(a) cearta cosanta sonraí a fheidhmiú de bhun Airteagal 48(3) agus (4);

(b) an t-údarás inniúil a chur ar an eolas faoi nasc a cheartú nó a léirscriosadh de bhun Airteagal 31(3) agus Airteagal 33(5);

(c) cur ar an eolas faoi nasc a cheartú nó a léirscriosadh de bhun Airteagal 32(7);

(24) Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [teideal iomlán an Rialacháin seo].
(25) Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [teideal iomlán an Rialacháin seo].

(d) an t-údarás inniúil a chur ar an eolas faoi nasc a taifeadadh go mícheart de bhun Airteagal 32(7).

2. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun sonrú a dhéanamh ar na formáidí le haghaidh cumarsáidí faoin Rialachán seo tríd an tairseach chumarsáide. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 74(2).'.

*Airteagal 30*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/818**

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 39 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Bunaítear an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (LSTS) chun tacú le cuspóirí SIS, Eurodac agus ECRIS-TCN, i gcomhréir leis na hionstraimí dlí ábhartha lena rialaítear na córais sin, agus chun sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailíseach a sholáthar chun críoch beartas, oibriúcháin agus cáilíochta sonraí. Tacóidh CRRS freisin le cuspóirí Rialachán (AE) 2024/982 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(26)], Rialachán (AE) 2025/13 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(27)] agus Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(28)] *[an Rialachán seo]*.

2. Déanfaidh eu-LISA CRRS a bhunú, a chur chun feidhme agus a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla ina mbeidh na sonraí agus an staidreamh dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1358, Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1862 agus Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816, arna scaradh go loighciúil de réir an chórais faisnéise AE. Baileoidh eu-LISA na sonraí agus an staidreamh ón ródaire dá dtagraítear in Airteagal 71(2) de Rialachán (AE) 2024/982 agus in Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) 2025/13. Baileoidh eu-LISA na sonraí agus an staidreamh dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) .../... *[an Rialachán seo]*. Deonófar rochtain ar CRRS trí bhíthin rochtain rialaithe, shlán agus trí phróifílí úsáideoirí sonracha, chun críocha tuairiscithe agus staidrimh amháin, do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1358, Airteagal 74 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1862, Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816, Airteagal 71(2) de Rialachán (AE) 2024/982, Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2025/13 agus Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) …/… *[an Rialachán seo]*.';

(b) i mír 4, cuirtear isteach an pointe (d) seo a leanas:

'(d) bonneagar cumarsáide slán chun CRRS a nascadh le córais náisiúnta bainistithe cásanna um fhilleadh ('RECAMAS náisiúnta'), le córas comhtháite bainistithe cásanna um athligean isteach an Aontais ('iRCMS') agus le córas bainistithe cásanna um ath-imeascadh an Aontais ('RIAT'), i gcomhréir le Rialachán (AE) .../... *[an Rialachán seo]*.';

---

(26) Rialachán (AE) 2024/982 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le cuardach uathoibrithe agus malartú uathoibrithe sonraí le haghaidh comhar póilíneachta, agus lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán Prüm II) (IO L, 2024/982, 5.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/982/oj).

(27) Rialachán (AE) 2025/13 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 (IO L, 2025/13, 8.1.2025 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/13/oj).

(28) Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [teideal iomlán an Rialacháin seo].

(2) Cuirtear an tAirteagal 48a seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 48a*

**Tairseach chumarsáide**

1. Déanfar an chumarsáid idir údaráis na mBallstát agus idir na húdaráis sin le Láraonad ETIAS a cheanglaítear faoin Rialachán seo tríd an tairseach chumarsáide arna bunú faoi Rialachán (AE).../... *[an Rialachán seo]* chun na gcríoch seo a leanas:

(a) cearta cosanta sonraí a fheidhmiú de bhun Airteagal 48(3) agus (4);

(b) an t-údarás inniúil a chur ar an eolas faoi nasc a cheartú nó a léirscriosadh de bhun Airteagal 31(3) agus Airteagal 33(5);

(c) cur ar an eolas faoi nasc a cheartú nó a léirscriosadh de bhun Airteagal 32(7);

(d) an t-údarás inniúil a chur ar an eolas faoi nasc a taifeadadh go mícheart de bhun Airteagal 32(7).

2. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun sonrú a dhéanamh ar na formáidí le haghaidh cumarsáidí faoin Rialachán seo tríd an tairseach chumarsáide. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70(2)';

(3) Leasaítear Airteagal 62 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach mír 3a seo a leanas:

‘3a. Beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát, na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, eu-LISA agus an Choimisiúin ar na sonraí a bhaineann le RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE).../... *[an Rialachán seo]* lena gceadú.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Chun críche mhíreanna 1, 2, 3 agus 3a den Airteagal seo, déanfaidh eu-LISA na sonraí dá dtagraítear sna míreanna sin a stóráil in CRRS. Ní fhéadfar daoine aonair a shainaithint trí bhíthin na sonraí sa CRRS, ach leis na sonraí sin féadfaidh na húdaráis a liostaítear i míreanna 1, 2, 3 agus 3a é a úsáid chun tuairiscí agus staidreamh in-saincheaptha a fháil chun éifeachtúlacht na seiceálacha teorann a fheabhsú, chun cuidiú leis na húdaráis agus iad ag próiseáil iarratais ar víosa agus chun tacú le déanamh beartas imirce agus slándála an Aontais ar bhonn fianaise.’.

# Caibidil 5
# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 31*

**Costais**

Is ar gach Ballstát lena mbaineann a thitfidh na costais a thabhófar i dtaca le forbairt, lena n-áirítear éabhlóidí teicniúla, agus bainistiú oibríochtúil RECAMAS náisiúnta. Áireofar sna costais sin na costais arna dtabhú i ndáil le RECAMAS Frontex, iRCMS, RIAT agus an tairseach chumarsáide a chomhtháthú in RECAMAS náisiúnta, chomh maith le RECAMAS Frontex a shaincheapadh.

*Airteagal 32*

**Fógra a thabhairt**

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, do Frontex agus do eu-LISA i dtaobh an údaráis a measfar gur rialaitheoir é agus dá dtagraítear in Airteagal 23.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, do Frontex agus do eu-LISA maidir leis na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 7, Airteagal 8 agus Airteagal 9, a fhéadfaidh sonraí a thaifeadadh, a cheadú, a cheartú nó a scriosadh.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, do Frontex agus do eu-LISA maidir lena bpointe teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 14(3).

4. Coinneoidh Frontex suíomh poiblí gréasáin ar bun, a nuashonrófar go leanúnach, ar a mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo.

*Airteagal 33*

**Tús oibríochtaí**

1. Faoin *[IO: líon isteach: 4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]* ar a dhéanaí, beidh RECAMAS náisiúnta i bhfeidhm agus á úsáid ag na Ballstáit. Tabharfaidh gach Ballstát fógra, gan mhoill, don Choimisiún agus do Frontex maidir leis an dáta a thosaigh sé ar a RECAMAS náisiúnta a úsáid.

2. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an dáta a thabharfar forbairt iRCMS agus RIAT chun críche, a luaithe a bheidh dearbhaithe ag Frontex go bhfuil tástáil chuimsitheach ar iRCMS agus RIAT curtha i gcrích go rathúil, ar tástáil í a bheidh le déanamh le tacaíocht ó eu-LISA.

3. Laistigh d'aon bhliain amháin ón dáta arna chinneadh i gcomhréir le mír 2 nó, i gcás inar déanaí é, ó dháta an fhógra dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun iRCMS agus RIAT a chomhtháthú ina RECAMAS náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 15(3), agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún agus do Frontex maidir leis an gcomhtháthú rathúil.

4. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an dáta óna dtosóidh iRCMS agus RIAT oibríochtaí sna Ballstáit lena mbaineann agus a bheidh siad á n-oibriú ag Frontex, a luaithe a bheidh dearbhaithe ag Frontex, i leith na mBallstát lena mbaineann, go bhfuil comhtháthú rathúil déanta ar iRCMS agus RIAT in RECAMAS náisiúnta na mBallstát lena mbaineann. Beidh dearbhú Frontex bunaithe ar thástálacha cuimsitheacha a bheith curtha i gcrích go rathúil agus déanfar é, tar éis an fógra dá dtagraítear i mír 3 a fháil, i gcomhar leis an mBallstát nó leis na Ballstáit lena mbaineann agus le tacaíocht ó eu-LISA.

5. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an dáta a chuirfear forbairt na tairsí cumarsáide i gcrích, a luaithe a bheidh dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil tástáil chuimsitheach ar an tairseach chumarsáide curtha i gcrích go rathúil, ar tástáil í atá le déanamh i gcomhar, i gcás inar gá, le Frontex agus leis na Ballstáit.

6. Laistigh de 1 bhliain amháin ón dáta arna chinneadh i gcomhréir le mír 5, nó, i gcás inar déanaí é, ó dháta an fhógra dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun an tairseach chumarsáide a chomhtháthú ina RECAMAS náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 15(4), agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún agus do Frontex maidir leis an gcomhtháthú rathúil. Laistigh de 1 bhliain amháin ón dáta arna chinneadh i gcomhréir le mír 5, déanfaidh Frontex na bearta is gá chun an tairseach

chumarsáide a chomhtháthú in IRMA i gcomhréir le hAirteagal 14(2) agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoin gcomhtháthú rathúil.

7. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an dáta óna gcuirfear an tairseach chumarsáide i mbun oibríochtaí sna Ballstáit lena mbaineann agus óna mbeidh sí á hoibriú ag Frontex, a luaithe a bheidh comhtháthú rathúil na tairsí cumarsáide in RECAMAS náisiúnta na mBallstát lena mbaineann agus in IRMA dearbhaithe ag eu-LISA, i leith na mBallstát lena mbaineann. Beidh dearbhú eu-LISA bunaithe ar thástálacha cuimsitheacha a bheith curtha i gcrích go rathúil agus is i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann a dhéanfar é, ar fháil an fhógra dá dtagraítear i mír 6 a fháil.

8. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na dátaí a chinnfear i gcomhréir le míreanna 2, 4, 5 agus 7.

9. Foilseofar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 2, 4, 5 agus 7 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

10. Tosóidh na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, Frontex ag úsáid iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide ó na dátaí a chinnfear i gcomhréir le míreanna 4 agus 7 faoi seach.

*Airteagal 34*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 35*

**Grúpa comhairleach**

1. Bunóidh Frontex Grúpa Comhairleach.

2. Cuireann an Grúpa Comhairleach an saineolas ar fáil do Frontex agus do eu-LISA a bhaineann le Samhail RECAMAS, RECAMAS Frontex, RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus an tairseach chumarsáide, go háirithe i gcomhthéacs a gcláir oibre bhliantúla agus a dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí a ullmhú.

3. Beidh an Grúpa Comhairleach comhdhéanta de shaineolaithe náisiúnta, beirt bhainisteoirí tionscadail ó Frontex, beirt bhainisteoirí tionscadail ó eu-LISA agus comhalta amháin ón gCoimisiún. Is é Frontex a bheidh ina chathaoirleach air.

*Airteagal 36*

**Pointe teagmhála**

Ainmneoidh gach Ballstát údarás ina phointe teagmhála maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Tabharfaidh gach Ballstát fógra maidir le hainm an údaráis sin don Choimisiún. Má athraíonn Ballstát a údarás ainmnithe, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

*Airteagal 37*

**Faireachán agus meastóireacht**

1. Cuirfidh Frontex tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir le forbairt agus gníomhaíochtaí RECAMAS Frontex, RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT, lena n-áirítear a bhfeidhmiú teicniúil agus a slándáil. Beidh faisnéis sa tuarascáil bhliantúil faoi bhainistiú oibríochtúil na gcóras sin, lena n-áirítear cosaint sonraí agus teagmhais slándála, agus faoina bhfeidhmíocht i gcoinne táscairí cainníochtúla réamhshainithe i leith na gcuspóirí a bhaineann le haschur, costéifeachtacht agus cáilíocht seirbhíse.

2. Cuirfidh eu-LISA tuarascáil bhliantúil ar fhorbairt agus gníomhaíochtaí na tairsí cumarsáide, lena n-áirítear a feidhmiú teicniúil agus a slándáil, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, faoi bhráid na Comhairle, faoi bhráid an Choimisiúin agus faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. Beidh faisnéis sa tuarascáil bhliantúil faoi bhainistíocht agus feidhmíocht an chórais sin de réir tháscairí cainníochtúla réamhshainithe na gcuspóirí a bhaineann le haschur, costéifeachtacht agus caighdeán seirbhíse.

3. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, 5 bliana tar éis thús oibríochtaí gach RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, ina ndéanfar measúnú ar chur chun feidhme an Rialacháin seo. Chun na críche sin, beidh rochtain bhuan ag an gCoimisiún ar RECAMAS Frontex, iRCMS, RIAT agus ar an tairseach chumarsáide gan an deis a bheith aige rochtain a fháil ar aon sonraí pearsanta.

4. Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá do Frontex, do eu-LISA agus don Choimisiún chun na tuarascálacha bliantúla agus an mheastóireacht dá dtagraítear san Airteagal seo a ullmhú.

5. Féadfar meastóireachtaí a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle[(29)].

*Airteagal 38*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[(29)] Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 (IO L 160, 15.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/922/oj).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| *[...]* | *[...]* |

**RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ..... 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ..... 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ..... 3

1.3. Cuspóirí ..... 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta ..... 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha ..... 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo ..... 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta ..... 4

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: ..... 4

1.5. Forais an togra/tionscnaimh ..... 5

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ..... 5

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin. ..... 5

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ..... 6

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ..... 7

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ..... 7

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige ..... 8

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ..... 8

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ..... 10

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ..... 10

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe ..... 10

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ..... 10

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ..... 11

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) ..... 11

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ..... 12
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ..... 13
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar ..... 13
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ..... 15
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ..... 15
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 15
3.2.2. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin ..... 20
3.2.2.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 20
3.2.3. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach ..... 20
3.2.3.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 20
3.2.4. Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha ..... 22
3.2.5. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ..... 22
3.2.6. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe ..... 23
3.2.7. Na hacmhainní daonna a mheastar atá riachtanach agus na leithreasuithe a mheastar is gá a úsáid i ngníomhaireacht dhíláraithe ..... 23
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam ..... 26
4. GNÉITHE DIGITEACHA ..... 27
4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha ..... 27
4.2. Sonraí ..... 30
4.3. Réitigh dhigiteacha ..... 33
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta ..... 41
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach ..... 45

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra maidir le bainistiú cásanna a dhigiteáil i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-lánpháirtithe, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1860, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

### 1.2. Réimse beartais lena mbaineann

Gnóthaí Baile

### 1.3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Tacú le cur chun feidhme na rialacha maidir le filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh a leagtar síos sa Rialachán um Fhilleadh agus rannchuidiú le cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann. Ach an dá chuspóir sin a bhaint amach, rannchuideofar le feidhmiú cuí Limistéar Schengen agus le hinbhuanaitheacht an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

Cuspóir sonrach 1: comhroinnt sonraí a mhéadú idir údaráis inniúla laistigh den Bhallstát céanna, idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus Frontex, agus idir na Ballstáit nó Frontex agus tríú tíortha, i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí, chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis is gá chun próisis maidir le filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh a chur i gcrích agus faireachán a dhéanamh orthu ar fáil.

Cuspóir sonrach 2: digiteáil na bpróiseas um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh a chothú agus feidhmiúlachtaí teoranta na gcóras TF atá ann cheana a leigheas chun a áirithiú go gcuirfear lena mhéid a dhéantar próisis agus ceanglais tuairiscithe a dhigiteáil, a shimpliú agus a uathoibriú.

Cuspóir sonrach 3: tiomsú uathoibrithe staidrimh níos cruinne agus níos iontaofa a chumasú agus an tréimhse ama le haghaidh bailiú sonraí a ghiorrú chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do bheartas agus do chinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise.

*1.3.3. Na torthaí agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

Déanfaidh na Ballstáit a gcórais náisiúnta bainistithe cásanna um fhilleadh (RECAMAS náisiúnta) a fhorbairt, a choinneáil ar bun agus a oibriú.

Déanfaidh Frontex Samhail RECAMAS a choinneáil ar bun agus a thabhairt cothrom le dáta agus forbróidh sé, i gcomhar le eu-LISA, RECAMAS Frontex a bhféadfaidh na Ballstáit thoilteanacha é a ghlacadh agus a shaincheapadh. Forbróidh Frontex réitigh TF *ad hoc* réamhdhéanta freisin (e.g. RECAP, feidhmchlár lenar féidir cumarsáid a dhéanamh idir náisiúnaigh tríú tír agus údaráis imirce) a fhéadfar a chomhtháthú in RECAMAS náisiúnta. Déanfaidh Frontex córas comhtháite bainistithe cásanna de chuid an Aontais maidir le hathligean isteach (iRCMS) agus maidir le hath-imeascadh (RIAT) a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, i gcomhar le eu-LISA, a bheidh le comhtháthú in RECAMAS náisiúnta.

forbróidh eu-LISA tairseach chumarsáide chun go mbeidh na húdaráis um fhilleadh in ann faisnéis a chomhroinnt nach féidir a chomhroinnt trí Chórais Faisnéise an Aontais atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo.

Tríd an mbainistiú cásanna ar nósanna imeachta um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh a dhigiteáil, fágfaidh an tionscnamh go ndéanfar próisis a luathú, a shimpliú agus a chuíchóiriú, go méadófar a dtrédhearcacht agus go laghdófar an t-ualach oibre ar údaráis inniúla náisiúnta agus ar Frontex.

*1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

Cuspóir sonrach 1

– Líon na dtacar sonraí maidir le cásanna um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh arna n-iarraidh ag na Ballstáit agus arna gcur ar fáil do Bhallstáit eile laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme a leagtar síos leis an Rialachán um Fhilleadh.

– An líon iarrataí ar athligean isteach a próiseáladh trí iRCMS.

Cuspóir sonrach 2

– An líon RECAMASanna náisiúnta atá i bhfeidhm.

– An líon Ballstát a bhaineann úsáid as RECAMAS Frontex, nó as codanna de.

– An líon RECAMASanna náisiúnta a bhfuil iRCMS agus RIAT comhtháite leo.

– An líon RECAMAS náisiúnta atá nasctha le ESP, LSTS agus SIS.

– An líon RECAMASanna náisiúnta atá nasctha leis an tairseach chumarsáide.

– An líon fophróiseas atá cuíchóirithe nó uathoibrithe.

– Meánfhad an aga próiseála in aghaidh an cháis um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh.

– An líon baill foirne ar cuireadh oiliúint orthu i ndáil le nósanna imeachta nua agus córais TF nua.

Cuspóir sonrach 3

– An líon tacair sonraí staidrimh (de réir an Rialacháin um Fhilleadh) a chruthaítear go huathoibríoch.

– An líon tacair sonraí staidrimh (de réir an Rialacháin um Fhilleadh) a sholáthraítear laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme a leagtar síos leis an Rialachán um Fhilleadh.

**1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:**

☑ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[1]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

[1] Dá dtagraítear in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Tá sé i gceist na córais uile (RECAMAS náisiúnta, RECAMAS Frontex, iRCMS, RIAT agus an tairseach chumarsáide) a fhorbairt laistigh de 4 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin, i gcomhréir leis an amlíne tháscach seo a leanas:

- R3 2028: teacht i bhfeidhm an Rialacháin.
- R3/R4 2028: an creat rialachais a bhunú chun córais TF a fhorbairt.
- R3 2028-R1 2030: céim an tionscanta, lena n-áirítear earcaíocht.
- R1 2030-R2 2030: céim an tsoláthair.
- R2 2030-R1 2032: céim na forbartha.
- R1 2032-R2/ 2032: céim na tástála.
- R2 2032-R3 2032: céim an ionduchtaithe de réir a chéile agus tús a chur le hoibríochtaí de réir a chéile.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex-ante)

Ní féidir na fadhbanna a sainaithníodh a réiteach go héifeachtach ar an leibhéal náisiúnta. I bhfianaise mhéid ilroinnt an tírdhreacha dhigitigh atá ann faoi láthair, gan comhordú an Aontais agus creat dlíthiúil iomchuí de chuid an Aontais, leanfaidh na Ballstáit de chórais neamh-chomhtháite a fhorbairt, rud a fhágfaidh go mbeidh neamhéifeachtúlachtaí, digiteáil míchothrom agus costais níos airde ann. Le bainistiú digiteach neamhéifeachtúil ar phróisis um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh, cuirfear bac ar chur chun feidhme rialacha coiteanna maidir le filleadh amach anseo, rud a fhágfaidh go mbeidh leibhéil fho-optamacha fillte ann. Dhéanfadh sé sin difear freisin d'fheidhmiú cuí rialacha an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann agus bheadh tionchar aige ar limistéar Schengen.

Tá idirghabháil ar leibhéal an Aontais fíor-riachtanach chun idirnascadh na gcóras TF ábhartha ó Bhallstát go chéile (lena n-áirítear idirghabháil trí Chórais Faisnéise AE a ghiaráil), malartú comhsheasmhach sonraí, agus éifeachtúlacht oibríochtúil ó Bhallstát go chéile a áirithiú. Is le cur chuige comhordaithe ar leibhéal an Aontais amháin is féidir aghaidh a thabhairt ar bhealach comhleanúnach ar na castachtaí trasteorann a bhfuil na Ballstáit ag tabhairt aghaidh orthu faoi láthair e.g. a mhéid a bhaineann le comhroinnt neamhleor sonraí idir na Ballstáit.

An breisluach AE a bhfuil coinne leis a ghiniúint (ex post)

Ginfidh an tionscnamh breisluach AE toisc gur féidir le tionscnamh de chuid an Aontais creat coiteann a thabhairt i gcrích ar leibhéal an Aontais a mheastar a

fheabhsóidh comhroinnt sonraí, a chuirfidh dlús le nósanna imeachta, a laghdóidh an t-ualach riaracháin agus a fhágfaidh go mbeifear in ann staidreamh níos mionsonraithe a chruthú. Ní féidir leis na Ballstáit é sin a bhaint amach ar an mbealach céanna ag gníomhú dóibh astu féin. Le cur chuige digiteálaithe comhchuibhithe maidir le próisis um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh ar leibhéal an Aontais, cuirfear feabhas ar éifeachtacht fhoriomlán an chórais um fhilleadh agus beidh sé ag teacht le mórchuspóirí an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann. I ndeireadh na dála, tacóidh iarrachtaí comhleanúnacha digiteálaithe le feidhmiú cuí limistéar Schengen agus le hinbhuanaitheacht an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn.

Le creat digiteach aontaithe, neartófar seasamh an Aontais sa chaibidlíocht agus sna hidirghníomhaíochtaí le tríú tíortha agus cuirfear feabhas ar chur chun feidhme 24 ionstraim an Aontais um athligean isteach lena ndéantar foráil maidir le nósanna imeachta aonfhoirmeacha. Rannchuideodh sé le cur chuige cuíchóirithe agus le hionchais chomhleanúnacha i dtríú tíortha agus rachadh sé chun tairbhe na mBallstát uile.

Le hiarrachtaí ar leibhéal an Aontais, cruthófar barainneacht scála trí mheánchostais a laghdú, chomh maith lena sheachaint go mbeidh dúbláil iarrachtaí i gceist de dheasca forbairt neamh-chomhtháite córas, agus tacófar le ceapadh beartas fianaisebhunaithe, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí iontaofacht sonraí agus staidrimh a mhéadú. Trí acmhainní agus saineolas a chomhthiomsú, is féidir leis an Aontas réitigh níos láidre agus níos inscálaithe a chur ar fáil ná mar a dhéanfadh na Ballstáit ag gníomhú dóibh astu féin.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Maidir le filleadh, chun cabhrú leis na Ballstáit feabhas a chur ar a gcórais bainistithe cásanna um fhilleadh agus leibhéal íosta éifeachtúlachta a áirithiú, tá Samhail Bainistithe Cásanna um Fhilleadh (‘Samhail RECAMAS’) forbartha ag Frontex i gcomhréir lena shainordú (dá ngairtear ‘Rialachán EBCG’ freisin). Is teimpléad é Samhail RECAMAS (i.e. doiciméad seachas córas TF) lena soláthraítear an bonn do na Ballstáit chun a gcórais bainistithe cásanna féin a thógáil agus a chur ar bun ar bhealaí comhchosúla, rud a chumasaíonn comhar feabhsaithe idir údaráis ábhartha na mBallstát agus bailiú sonraí á fheabhsú an tráth céanna. Mar chuid de Straitéis Oibríochtúil Chomhordaitheoir an Aontais Eorpaigh um Fhilleadh agus den Phlean Cur Chun Feidhme Coiteann don Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, ba cheart tús a bheith curtha ag na Ballstáit uile in 2024-2025 le córas náisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme bunaithe ar Shamhail RECAMAS. Go dtí seo, tá córas bainistithe cásanna um fhilleadh ag 26 Bhallstát den Aontas atá ailínithe go pointe áirithe le Samhail RECAMAS, ach ní oibríonn ach 12 Bhallstát díobh córas atá bunaithe go hiomlán ar Shamhail RECAMAS.

Maidir le hathligean isteach, chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit agus do thríú tíortha nósanna imeachta um athligean isteach a reáchtáil ar bhealach éifeachtúil, digiteach, caighdeánaithe, tá tacaithe ag an gCoimisiún le forbairt agus oibriú Córas Bainistithe Cásanna um Athligean Isteach, ach gan rialacha sonracha ar leibhéal an Aontais lena gcruthaítear creat i leith úsáid na gcóras sin. Tá na córais lonnaithe go fisiciúil i dtríú tíortha agus faoi úinéireacht tríú tíortha agus tá costais chothabhála rollacha ag teastáil ina leith. Faoi láthair, níl ach sé RCMS i bhfeidhm, leis an Airméin, an Bhanglaidéis, an tSeoirsia, an Phacastáin, Srí Lanca agus an Úcráin. Leis

na sé RCMS, is féidir iarrataí ar athligean isteach a chur faoi bhráid an tríú tír, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar shreabha oibre a bhaineann le fíorú agus deimhniú náisiúntachta, eisiúint doiciméad taistil agus oibríochtaí um fhilleadh. Is córais ar leithligh iad, agus tá nós imeachta logála isteach difriúil ag teastáil i ndáil le gach ceann acu, agus ní cheadaíonn siad faisnéis a uaslódáil go díreach ó chórais na mBallstát agus an Aontais. Tá ról ceannasach ag an gCoimisiún maidir le nasc na mBallstát toilteanach leis na RCMSanna atá ann cheana a éascú agus rannchuidíonn sé ó thaobh airgeadais de lena gcothabháil theicniúil agus lena n-oibriú teicniúil cuí.

Maidir le hath-imeascadh, chun cumarsáid a áirithiú maidir le cásanna um ath-imeascadh idir comhairleoirí um fhilleadh sna Ballstáit agus comhpháirtithe cur chun feidhme um ath-imeascadh i dtríú tíortha, tá an Uirlis Chúnaimh um Ath-imeascadh (‘RIAT’) forbartha ag an gCoimisiún. Tá RIAT ina chuid de Chóras Malartaithe Faisnéise Ghréasán Imirce na hEorpa (‘EMN IES’), a bunaíodh in 2008. Chomh maith le cumarsáid, úsáidtear RIAT chun cásanna a láimhseáil ó thaobh airgeadais agus riaracháin de i gcomhthéacs cláir éagsúla um ath-imeascadh, lena n-áirítear Clár AE um Ath-imeascadh, atá á reáchtáil ag Frontex féin, agus bailiú sonraí. Faoi láthair, tá Ballstáit uile an Aontais, an Eilvéis, an Iorua agus an Íoslainn, chomh maith le roinnt comhpháirtithe um ath-imeascadh, nasctha le RIAT.

Tá éagsúlacht mhór idir na Ballstáit ó thaobh infhaighteacht, úsáid agus feidhmiúlachtaí na gcóras TF atá ann cheana. Ba ar leithligh a forbraíodh na córais TF um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh atá ann cheana agus ba ghníomhaithe éagsúla a d’fhorbair iad, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Tá na féidearthachtaí maidir le tuilleadh forbartha agus comhroinnte sonraí teoranta faoi na creataí dlíthiúla agus faoin leagan amach oibríochtúil atá ann faoi láthair. Is é an toradh atá air sin tírdhreach digiteach ilroinnte, neamhéifeachtúil.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Sainaithnítear an digiteáil go sainráite sa Chomhshocrú maidir le Tearmann agus Imirce mar chumasóir le haghaidh nósanna imeachta imirce tapa agus éifeachtúla. Tá córais dhigiteacha ríthábhachtach chun feabhas a chur ar an gcomhar oibríochtúil, chun bailiú iontaofa sonraí a áirithiú, chun an t-ualach riaracháin a laghdú, agus chun faireachán agus forfheidhmiú rialacha imirce an Aontais a neartú. Tá an cuspóir sin ag teacht le huaillmhian pholaitiúil níos leithne an Aontais réitigh dhigiteacha Eorpacha a fhorbairt lena simpleofar nósanna imeachta agus cearta bunúsacha agus cosaint sonraí á gcosaint an tráth céanna.

Leagadh béim ar an ngá atá le bainistiú cásanna a dhigiteáil i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-lánpháirtithe i dTreoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin von der Leyen (2024-2029), i gCláir Oibre an Choimisiúin do 2025 agus 2026, ina gcuirtear i láthair go sainráite go bhfuil gné láidir simpliúcháin ag baint leis an tionscnamh ([3]), agus sa Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce ([4]). Leis an Rialachán um Fhilleadh, bunaítear comhchóras de chuid an Aontais um fhilleadh lenar féidir sonraí a chomhroinnt agus a aistriú ar bhealach níos fearr, i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí.

Tiocfaidh an infheistíocht is gá ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát faoi na méideanna a caibidlíodh le haghaidh CAI 2028-2034.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Tugtar le tuiscint leis an tionscnamh go gcruthófar córais nua TF, a chuirfear ar iontaoibh Frontex agus eu-LISA.

Forbróidh Frontex cur chun feidhme tagartha TF le haghaidh bainistiú cásanna um fhilleadh (RECAMAS Frontex), Córas Comhtháite Bainistithe Cásanna an Aontais um Athligean Isteach (iRCMS), agus Córas Bainistithe Cásanna an Aontais um Ath-imeascadh (RIAT), agus déanfaidh sé é a chothabháil.

Déanfaidh eu-LISA bealach cumarsáide idir údaráis imirce (tairseach chumarsáide) a dhearadh, a fhorbairt agus a chothabháil.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ní mór sainordú Frontex agus eu-LISA a leathnú, ós rud é nach gcumhdaítear na cúraimí nua sin leis na cúraimí atá ann cheana. Dá bhrí sin, tá gá le hacmhainní nua airgeadais agus acmhainní nua daonna chun go mbeidh an dá ghníomhaireacht in ann a gcúraimí nua a chomhlíonadh.

Tacóidh Bord Bainistíochta Clár agus Grúpa Comhairleach le forbairt agus éabhlóidí breise na gcóras TF nua. Beidh AS HOME ina chuid den dá struchtúr sin. Beidh na cruinnithe ar siúl go tráthrialta agus sé huaire in aghaidh na bliana ar a laghad le linn na céime forbartha. Ar bhonn níos ginearálta, beidh ar AS HOME faireachán a dhéanamh ar fhorbairt, ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh foriomlán an rialacháin a bheidh ann amach anseo. Dá réir sin, tá gá le baill foirne nua chun go mbeidh an Coimisiún in ann a chúraimí nua a chomhlíonadh.

## 1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☑ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2028 go 2034,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[2]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

[2] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

– ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☑ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach gníomhaíochta, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

| |
|---|
| Maidir le bainistíocht indíreach – cur chun feidhme trí dhá ghníomhaireacht dhíláraithe (Frontex, eu-LISA) |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na socruithe is gá i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na mbeart a mholtar agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu i gcomparáid leis na príomhchuspóirí beartais. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, 5 bliana tar éis thús oibríochtaí gach RECAMAS náisiúnta, iRCMS, RIAT agus na tairsí cumarsáide, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, ina ndéanfar measúnú ar chur chun feidhme an Rialacháin agus ar a bhreisluach. Bheadh tuairisc sa tuarascáil freisin ar aon tionchar díreach nó indíreach ar chearta bunúsacha ábhartha. Dhéanfaí scrúdú inti ar na torthaí a baineadh amach i bhfianaise na gcuspóirí agus dhéanfaí measúnú inti ar a bhailí agus atá an bhunréasúnacht go fóill agus ar aon impleachtaí a bheidh ann do roghanna amach anseo.

Cuirfidh Frontex tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir le forbairt agus gníomhaíochtaí RECAMAS Frontex, RECAMAS náisiúnta, iRCMS agus RIAT, lena n-áirítear a bhfeidhmiú teicniúil agus a slándáil.

Cuirfidh eu-LISA tuarascáil bhliantúil ar fhorbairt agus gníomhaíochtaí na tairsí cumarsáide, lena n-áirítear a feidhmiú teicniúil agus a slándáil, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, faoi bhráid na Comhairle, faoi bhráid an Choimisiúin agus faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Cuirfear cuid den togra seo chun feidhme trí bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta agus trí bhuiséid eu-LISA, trí bhainistiú indíreach.

De bhun phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, cuirfear buiséid na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta agus eu-LISA chun feidhme i gcomhréir le rialú inmheánach éifeachtach éifeachtúil. Dá bhrí sin, tá sé de cheangal ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus ar eu-LISA straitéis rialaithe iomchuí a chur chun feidhme a bheidh comhordaithe i measc na ngníomhaithe iomchuí a bhfuil baint acu leis an slabhra rialaithe. Maidir le rialuithe *ex post*, tá an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus eu-LISA, toisc gur gníomhaireachtaí dílárathe iad, faoi réir an mhéid seo a leanas go háirithe:

– iniúchadh inmheánach arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin;

– tuarascálacha bliantúla ón gCúirt Iniúchóirí, ina dtugtar ráiteas dearbhaithe maidir le hiontaofacht na gcuntas bliantúil agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo;

– urscaoileadh bliantúil a dheonaíonn Parlaimint na hEorpa;

– imscrúduithe féideartha arna ndéanamh ag OLAF chun a áirithiú, go háirithe, go mbainfear úsáid cheart as na hacmhainní a leithdháiltear ar ghníomhaireachtaí.

Mar Ard-Stiúrthóireacht comhpháirtíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta agus eu-LISA, cuirfidh AS HOME a Straitéis Rialaithe maidir le gníomhaireachtaí díláraithe chun feidhme chun tuairisciú iontaofa a áirithiú faoi chuimsiú a Thuarascála Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí (AAR). Cé go bhfuil freagracht iomlán ar ghníomhaireachtaí díláraithe as a mbuiséad a chur chun feidhme, tá AS HOME freagrach as ranníocaíochtaí bliantúla arna mbunú ag Údaráis Bhuiséadacha AE a íoc go tráthrialta.

Ar deireadh, cuireann an tOmbudsman Eorpach sraith bhreise rialúcháin agus cuntasachta ar fáil.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

I gcás an bhuiséid arna chur chun feidhme ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus eu-LISA, tá gá le Creat Rialaithe Inmheánaigh sonrach bunaithe ar Chreat Rialaithe Inmheánaigh an Choimisiúin Eorpaigh. Sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair, ní mór faisnéis a sholáthar faoi na córais rialaithe inmheánaigh, fad atá gá faisnéis faoi éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear faisnéis maidir le measúnú riosca, a bheith sa Tuarascáil Chomhdhlúite Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí (CAAR).

Thairis sin, déanann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus oifigeach cosanta sonraí Frontex agus eu-LISA maoirseacht ar an bpróiseáil a dhéanann Frontex agus eu-LISA ar shonraí pearsanta.

Ar deireadh, mar Ard-Stiúrthóireacht comhpháirtíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta agus eu-LISA, reáchtálann AS HOME cleachtadh bliantúil bainistíochta riosca chun rioscaí arda a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le hoibríochtaí gníomhaireachtaí a shainaithint agus a mheasúnú. Tuairiscítear na rioscaí a mheastar a bheith criticiúil go bliantúil i bplean bainistíochta AS HOME agus bíonn plean gníomhaíochta ag gabháil leo ina luaitear an ghníomhaíocht mhaolaithe.

Ar an leibhéal oibríochtúil, is é an príomhriosca a sainaithníodh an easpa leibhéil leordhóthanacha acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna chun gur féidir na córais TF nua a fhorbairt go tráthúil.

*2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

I gcás na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta agus eu-LISA, tuairiscíonn an Coimisiún ar an gcóimheas idir 'costais rialaithe/luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'. I dTuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2024 ó AS HOME, tuairiscítear 0,11 % don chóimheas sin i ndáil le hEintitis Iontaobhaithe Bainistíochta Indírí agus Gníomhaireachtaí Díláraithe, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Leanfaidh AS HOME ar aghaidh ag cur a Straitéis Frithchalaoise i bhfeidhm i gcomhréir le Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin (CAFS) chun a áirithiú inter alia go mbeidh a rialuithe inmheánacha frithchalaoise ailínithe go hiomlán le CAFS agus go mbeidh a chur chuige bainistíochta riosca calaoise dírithe ar limistéir riosca calaoise agus freagairtí leordhóthanacha a aithint.

Maidir le bainistíocht indíreach, leagtar amach na bearta a bhaineann le calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chomhrac i bhforálacha sonracha maidir le calaois a chomhrac i rialacháin bhunaidh na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta agus eu-LISA. Ceanglaítear leo, i measc nithe eile, go nglacfaidh an dá ghníomhaireacht dhíláraithe straitéis frithchalaoise.

Thairis sin, mar Ard-Stiúrthóireacht comhpháirtíochta, tá AS HOME tar éis a straitéis frith-chalaoise féin a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar bhonn na modheolaíochta arna soláthar ag OLAF. Tagann gníomhaireachtaí díláraithe, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, faoi raon feidhme na straitéise.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus ní réamhbhreith atá ann ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoinithe agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus ina dhiaidh sin cinnfear iad tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | Difreáilte/Neamhdhifreáilte[3]. | ó thíortha de chuid CSTE[4] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[5] | Ó thríú tíortha eile[6] | ioncam sannta eile |
| 1 | [XX.YY.YY.YY] (Frontex) | Neamhdhifreáilte | NÍL | NÍL | TÁ | TÁ |
| 1 | [XX.YY.YY.YY] (eu-LISA) | Difreáilte | NÍL | NÍL | TÁ | TÁ |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | Difreáilte/Neamhdhifreáilte | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | [XX.YY.YY.YY] | Difreáilte/ Neamhdhifreáilte | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

3 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

4 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

5 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

6 Faigheann Frontex agus eu-LISA ranníocaíochtaí ó na tíortha a bhfuil comhlachas acu le Comhaontú Schengen (NO, IS, CH, LI).

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | [XX.YY.YY.YY] | Difreáilte/ Neamhdhifreáilte | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | Difreáilte/ Neamhdhifreáilte | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

*3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadaisilbhliantúil** | 1 | Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht, rathúnas agus slándáil tuaithe agus muirí |

Ranníocaíocht an Aontais le gníomhaireacht dhíláraithe

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| FRONTEX | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028-2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líne bhuiséid: <…….> / Ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais leis an ngníomhaireacht | 44,130 | 18,023 | 18,134 | 18,244 | 18,768 | 19,309 | 19,447 | 156,054 |

Is méid táscach é méid na leithreasuithe atá le leithdháileadh ar an ngníomhaireacht sa chéad CAI eile agus tá sé faoi réir an chomhaontaithe maidir le CAI. Ba cheart é a chomhtháthú i bhfóirdheontas na Gníomhaireachta mar gheall ar chineál buan na gcúraimí a leithdháiltear leis an togra seo agus cúiteofar é, más ábhartha, le laghdú coibhéiseach ar imchlúdach cláir ábhartha faoin gceannteideal céanna de CAI. Má tá gá le laghdú cúiteach, d'fhéadfadh sé gur ghá na hacmhainní a leithdháiltear ar an nGníomhaireacht a athbhreithniú freisin tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil.

| eu-LISA | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028-2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líne bhuiséid: <…….> / Ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais leis an ngníomhaireacht | 14,120 | 8,113 | 8,196 | 8,280 | 8,615 | 8,960 | 9,059 | 65,343 |

Is méid táscach é méid na leithreasuithe atá le leithdháileadh ar an ngníomhaireacht sa chéad CAI eile agus tá sé faoi réir an chomhaontaithe maidir le CAI. Ba cheart é a chomhtháthú i bhfóirdheontas na Gníomhaireachta mar gheall ar chineál buan na gcúraimí a leithdháiltear leis an togra seo agus cúiteofar é, más ábhartha, le laghdú coibhéiseach ar imchlúdach cláir ábhartha faoin gceannteideal céanna de CAI. Má tá gá le laghdú cúiteach, d'fhéadfadh sé gur ghá na hacmhainní a leithdháiltear ar an nGníomhaireacht a athbhreithniú freisin tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil.

| | | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028-2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (an ranníocaíocht leis an ngníomhaireacht dhíláraithe san áireamh) | Gealltanais | (4) | 58,250 | 26,136 | 26,330 | 26,524 | 27,382 | 28,269 | 28,506 | 221,397 |
| | Íocaíochtaí | (5) | 58,250 | 26,136 | 26,330 | 26,524 | 27,382 | 28,269 | 28,506 | 221,397 |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 1** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | **58,250** | **26,136** | **26,330** | **26,524** | **27,382** | **28,269** | **28,506** | **221,397** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **58,250** | **26,136** | **26,330** | **26,524** | **27,382** | **28,269** | **28,506** | **221,397** |

| | | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028-2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | 58,250 | 26,136 | 26,330 | 26,524 | 27,382 | 28,269 | 28,506 | 221,397 |
| | Íocaíochtaí | (5) | 58,250 | 26,136 | 26,330 | 26,524 | 27,382 | 28,269 | 28,506 | 221,397 |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe Faoi Cheannteidil 1 go 3** | Gealltanais | =4+6 | **58,250** | **26,136** | **26,330** | **26,524** | **27,382** | **28,269** | **28,506** | **221,397** |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Íocaíochtaí | =5+6 | **58,250** | **26,136** | **26,330** | **26,524** | **27,382** | **28,269** | **28,506** | **221,397** |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 4 | 'Caiteachas riaracháin'[7] |

| AS HOME | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028-2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Acmhainní daonna | | 0,388 | 0,388 | 0,388 | 0,388 | 0,388 | 0,388 | 0,388 | **2,716** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0,048 | 0,048 | 0,048 | 0,048 | 0,048 | 0,048 | 0,048 | **0,336** |
| **IOMLÁN AS HOME** | Leithreasuithe | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **3,052** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 4 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **3,052** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028-2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi** | Gealltanais | 58,686 | 26,572 | 26,766 | 26,960 | 27,818 | 28,705 | 28,942 | 224,449 |

[7] Na figiúirí maidir le meánchostas bliantúil atá le fáil ar an leathanach gréasáin iomchuí de chuid BUDGpedia, is trí úsáid a bhaint as na figiúirí sin ba cheart na leithreasuithe is gá a chinneadh.

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CHEANNTEIDIL 1 go 4** | | | | | | | | | |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | 58,686 | 26,572 | 26,766 | 26,960 | 27,818 | 28,705 | 28,942 | 224,449 |

*Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus ní réamhbhreith atá ann ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoinithe agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus ina dhiaidh sin cinnfear iad tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.*

*3.2.2. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

*3.2.2.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

| **LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR** | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN 2028 - 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,388 | 0,388 | 0,388 | 0,388 | 0,388 | 0,388 | 0,388 | **2,716** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,048 | 0,048 | 0,048 | 0,048 | 0,048 | 0,048 | 0,048 | **0,336** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 4** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **3,052** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **Fo-iomlánlasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **0,436** | **3,052** |

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus ní réamhbhreith atá ann ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoinithe agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus ina dhiaidh sin cinnfear iad tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

*3.2.3. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

*3.2.3.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéisigh lánaimseartha (FTEnna)*[8]

| **LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR** | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |

[8] Sonraigh thíos cá mhéad de na haonaid de FTEnna arna gcur in iúl a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar féidir iad a ath-imlonnú laistigh de d'Ard-Stiúrthóireacht, chomh maith leis na glanriachtanais atá agat.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)** | | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, ón ‘imchlúdach iomlánaíoch’) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta | - sa Cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| [XX.01.BB.BB] | - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (AC, END - Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (AC, END - Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 4 | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 4 | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus ní réamhbhreith atá ann ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoinithe agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus ina dhiaidh sin cinnfear iad tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

I bhfianaise an bhrú fhoriomláin atá i gCeannteideal 4, maidir le soláthar foirne agus leibhéal na leithreasuithe araon, is baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht nó de sheirbhísí eile de chuid an Choimisiúin a chomhlíonfaidh na hacmhainní daonna is gá.

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

| | **Le cumhdach ag baill foirne reatha atá ar fáil i seirbhísí an Choimisiúin** | **Foireann bhreise eisceachtúil*** | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Le maoiniú faoi Cheannteideal 4 nó Taighde** | **Le maoiniú ó líne BA** | **Le maoiniú ó tháillí** |
| Poist sa phlean bunaíochta | 2 phost AD | | N/B | |
| Foireann | | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| sheachtrach (CA, SNEnna, INT) | | | | |

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Tá cúraimí nua beartaithe don Choimisiún:<br>• Faireachán a dhéanamh ar fhorbairt, ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh foriomlán an rialacháin a bheidh ann amach anseo.<br>• Bord Bainistíochta an Chláir agus an Grúpa Comhairleach a ullmhú agus páirt a ghlacadh iontu, rud a thacóidh le forbairt agus éabhlóidí breise na gcóras TF nua. Beidh na cruinnithe ar siúl go tráthrialta agus sé huaire in aghaidh na bliana ar a laghad le linn na céime forbartha a mhairfidh roinnt blianta. |
| Pearsanra seachtrach | n/b |

*3.2.4. Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

***NÍ BHAINEANN LE hÁBHAR***

Éigeantach: na hinfheistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

